# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 71

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

27 Feabhra 2023

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2023/C 71/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2023/C 71/02 Cás C-883/19 P: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc, HSBC Continental Europe, ar a tugadh HSBC France v an Coimisiún Eorpach (Achomharc – Iomaíocht – Cairtéil – Earnáil na ndíorthach ar rátaí úis in Euro – Cinneadh go raibh sárú ann ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE – Ionramháil ar rátaí tagartha idirbhainc Euribor – Malartú faisnéise rúnda – Srianadh iomaíochta le cuspóir – Cáilíocht – Éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta á gcur san áireamh – Sárú leanúnach aonair – Nós imeachta “hibrideach” a raibh mar thoradh rathúil air gur glacadh cinneadh maidir le socrú agus cinneadh arna dhéanamh faoi ghnáthnós imeachta – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 48 – Toimhde na neamhchiontachta) . . . . 2

GA

2023/C 71/03 Cásanna uamtha C-702/20 agus C-17/21: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarrataí ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach, an Laitvia), – “DOBELES HES” SIA (C-702/20), Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija (C-17/21) (Tarchur chun réamhrialú – Státchabhair – Airteagal 107(1) CFAE – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d’oibleagáid ar an oibreoir poiblí leictreachas a cheannach ó tháirgeoirí fuinnimh in athnuaite ar phraghas níos airde ná praghas an mhargaidh – Éagmais íocaíocht de chuid den chabhair atá i gceist – Éileamh ar chúiteamh a dhéanann na táirgeoirí ar údarás poiblí ar leith ón údarás poiblí a gceanglaítear air, i bprionsabal, de réir na reachtaíochta náisiúnta, an chabhair sin a íoc agus a bhfuil buiséad aige atá ceaptha chun feidhmiú an údaráis féin a áirithiú, seachas aon rud eile – Cabhair nua – Ceanglas maidir le fógra a thabhairt – Cabhair de minimis – Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 – Airteagal 5(2) – Carnadh – Cabhair a fuarthas cheana laistigh den tréimhse thagartha bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

2023/C 71/04 Cás C-42/21 P: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – Lietuvos geležinkeliai AB v an Coimisiún Eorpach, Orlen Lietuva AB (Achomharc – Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Margadh an lasta iarnróid – Cinneadh go raibh sárú ann ar Airteagal 102 CFAE – Rochtain ag gnóthais tríú páirtí ar bhonneagar arna bhainistiú ag cuideachta náisiúnta iarnróid na Liotuáine – Cuid d’iarnród a dhícóimeáil – An coincheap “mí-úsáid” – Foriamh iarbhír nó dóchúil iomaitheora – Feidhmiú dhlínse gan teorainn na Cúirte Ginearálta – Laghdú na fíneála) . . . . . . . . . 4

2023/C 71/05 Cás C-57/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší soud – Poblacht na Seice) – RegioJet a. s. v České dráhy a.s. (Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Rialacha lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh – Treoir 2014/104/AE – Airteagail 5 agus 6 – Fianaise a thabhairt ar láimh – Fianaise atá i gcomhad údaráis iomaíochta – Imeachtaí atá ar feitheamh os comhair an Choimisiúin Eorpaigh maidir le sárú ar na rialacha iomaíochta – Imeachtaí náisiúnta a bhaineann le caingean i leith damáistí a bhaineann leis an sárú céanna – Coinníollacha a bhaineann le fianaise a thabhairt ar láimh)) . . . . . . . . . . . . . . . 5

2023/C 71/06 Cás C-132/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – BE v Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság (Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagail 77 go 79 – Leigheasanna – Beart comhuaineach – Nasc – Neamhspleáchas nós imeachta – Éifeacht na rialacha cosanta a bhunaítear leis an Rialachán sin – Cur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach na rialacha seo ar fud an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) . . . . . . . 6

2023/C 71/07 Cás C-154/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – RW v Österreichische Post AG (Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 15(1)(c) – Ceart rochtana don ábhar sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi – Faisnéis maidir leis na faighteoirí nó catagóirí na bhfaighteoirí ar nochtadh nó a nochtfar sonraí pearsanta dóibh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

2023/C 71/08 Cás C-280/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – P.I. v Migracijos departamentas prie Lietuvos Respublikos vidaus reikalų ministerijos (Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhbheartas tearmainn – Coinníollacha maidir le bheith in ann tairbhe a bhaint as stádas dídeanaí – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 10(1)(e), agus (2) – Forais ghéarleanúna – Na coincheapa “tuairimí polaitiúla” agus “tuairimí polaitiúla curtha i leith” – Iarrachtaí ag iarrthóir tearmainn é féin a chosaint, ina thír thionscnaimh, trí mhodhanna dlíthiúla i gcoinne gníomhaithe neamhstáit a ghníomhaíonn go mídhleathach agus atá in ann an meicníocht trína bhforchuireann an Stát sin pionóis i leith cionta coiriúla a úsáid) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

2023/C 71/09 Cásanna Uamtha C-323/21 go C-325/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarrataí ar réamhrialú ón Raad van State – an Ísiltír) – Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid v B (C-323/21), F (C-324/21) agus K v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-325/21) (Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Cinneadh an Bhallstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Iarratais iolracha ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach i dtrí Bhallstát – Airteagal 29 – Teorainn ama an aistrithe – Dul in éag – Aistriú freagrachta maidir le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas – Airteagal 27 – Leigheas – Raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh – An fhéidearthacht go mbeadh an t-iarrthóir in ann brath ar aistriú na freagrachta chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 71/10 | Cás C-356/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla m. st. Warszawy w Warszawie – an Pholainn) – J.K. v TP S.A. (Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Treoir 2000/78/CE – Airteagal 3(1)(a) agus (c) – Coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar an bhféin-fhostaíocht – Coinníollacha fostaíochta agus oibre – Cosc ar idirdhealú ar bhonn gnéaschlaonta – Duine féinfhostaithe atá ag obair ar bhonn conradh obair shonrach – Foirceannadh agus neamh-athnuachan conartha – Saoirse páirtí conarthach a roghnú) . . . . . . . . . . | 9 |
| 2023/C 71/11 | Cás C-395/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos Aukščiausiasis Teismas – an Liotuáin) – D.V. v M.A. (Tarchur chun réamhrialú – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Conradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar – Airteagal 4(2) – Measúnú a dhéanamh ar chineál éagórach na dtéarmaí conarthacha – Eisiamh téarmaí a bhaineann le príomhábhar an chonartha – Téarma lena bhforáiltear do tháillí Dlíodóirí a íoc de réir ráta in aghaidh na huaire – Airteagal 6(1) – Cumhachtaí na cúirte náisiúnta agus í ag plé le téarma atá aicmithe mar “éagórach”) . . . . . . . . . . | 10 |
| 2023/C 71/12 | Cás C-396/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht München I – an Ghearmáin) – KT, NS v FTI Touristik GmbH (Tarchur chun réamhrialú – Treoir (AE) Uimh. 2015/2302 – Airteagal 14(1) – Taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha – Conradh taistil láneagraithe a chur chun feidhme – Freagracht an eagraithe lena mbaineann – Bearta chun leathadh domhanda galair aicídigh a chomhrac – Paindéim COVID-19 – Srianta arna gcur i bhfeidhm i gceann scríbe agus in áit ghnáthchónaithe an taistealaithe lena mbaineann agus i dtíortha eile – Neamhcomhlíontacht na seirbhísí arna soláthar i gcomhthéacs an turais láneagraithe lena mbaineann – Laghdú iomchuí ar phraghas an turais láneagraithe sin) . . . . . | 11 |
| 2023/C 71/13 | Cás C-719/21 P: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – Frédéric Jouvin v an Coimisiún Eorpach (Achomharc – Iomaíocht – Cairtéil – Airteagal 101 CFAE – Gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach – Cinneadh ón gCoimisiún lena ndiúltaítear don ghearán – Caingean le haghaidh neamhniú – Sprioc-ama chun frithaighneacht a thaisceadh) . . . . . . . . . . . . | 12 |
| 2023/C 71/14 | Cás C-583/22 PPU: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanair 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof – an Ghearmáin) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne MV (Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhoibriú póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh Réime 2008/675/CGB – Airteagal 3(1) – Prionsabal go gcaithfear déileáil le ciontuithe roimhe sin a fógraíodh i mBallstát eile ar an mbealach céanna – Oibleagáid a áirithiú go mbeadh éifeachtaí na bpianbhreitheanna sin ar comhionann leo siúd a bhí ag ciontuithe náisiúnta roimhe sin – Rialacha náisiúnta maidir le pianbhreitheanna carnacha a posteriori – Cionta iomadúla – Pianbhreith chuimsitheach – Síleáil cúig bliana déag le haghaidh pianbhreitheanna coimeádta ar théarma seasta – Airteagal 3(5) – Eisceacht – Cion a rinneadh sular fógraíodh na pianbhreitheanna nó sular cuireadh i bhfeidhm iad sa Bhallstát eile) . . . . . . . . . . | 12 |
| 2023/C 71/15 | Cás C-359/21: Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā rajona tiesa – an Laitvia) – “MS Konsultanti” SIA v Valsts ieņēmumu dienests (Cás a bhaint ón gclár) . . . . . . . . . . | 13 |
| 2023/C 71/16 | Cás C-469/22: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Eanair 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Ambisig – Ambiente e Sistemas de Informação Geográfica SA v Fundação do Desporto, ANO – Sistemas de Informática e Serviços Lda, Link Consulting – Tecnologias de Informação SA (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Conarthaí seirbhíse poiblí, soláthair agus oibreacha a dhámhachtain – Treoir 2014/24/AE – Stiúradh an imeachta – Roghnú na rannpháirtithe agus conarthaí a dhámhachtain – Airteagal 63 – Oibreoir eacnamaíoch ag baint úsáid as cumais eintitis eile chun ceanglais an údaráis chonarthaigh a chomhlíonadh – Oibleagáid don oibreoir eacnamaíoch sin doiciméid oiriúnachta fochonraitheora a chur isteach tar éis an conradh a dhámhachtain – Neamh-chomhoiriúnacht) . . . . . . . . . . | 14 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 71/17 | Cásanna uamtha C-313/21 P agus C-314/21 P: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – an Chomhairle v FI (C-313/21 P) agus an Coimisiún v FI (C-314/21 P) (Achomharc – Airteagal 182 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Seirbhís Shibhialta – Pinsean – Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – Pinsean marthanóra a dheonú – Céile marthanach d'iar-oifigeach a raibh pinsean scoir á fháil aige nó aici – Pósadh oifigigh i ndiaidh dó nó di bheith in ann liúntas easláine a fháil – An coinníoll gur mhair an pósadh cúig bliana ar a laghad ar dháta bhás an oifigigh – Airteagal 19 d'Iarscríbhinn VIII – Pósadh oifigigh roimh dó nó di bheith in ann liúntas easláine a fháil – Éagmais choinníoll maidir le huastréimhse an phósta – Pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 – Prionsabal na córa comhionainne – Airteagal 21(1) – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Airteagal 52(1) – Easpa idirdhealaithe threallaigh nó idirdhealú atá mí-oiriúnach go follasach i bhfianaise an chuspóra a bhfuil reachtas an Aontais dírithe air) | 14 |
| 2023/C 71/18 | Cás C-680/22 P: Achomharc arna thabhairt an 4 Samhain 2022 ag DD i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a tugadh an 7 Meán Fómhair 2022 i gCás T-470/20, DD v FRA | 15 |
| 2023/C 71/19 | Cás C-706/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 17 Samhain 2022 – Konzernbetriebsrat der O SE & Co. KG | 16 |
| 2023/C 71/20 | Cás C-744/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Rayonen sad – Nesebar (an Bhulgáir) a taisceadh an 5 Nollaig 2022 – "Vodosnabdyavane i kanalizatsia" EAD v PQ | 17 |
| 2023/C 71/21 | Cás C-752/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Korkein hallinto-oikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 9 Nollaig 2022 – EP v Maahanmuuttovirasto | 18 |
| 2023/C 71/22 | Cás C-760/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 15 Nollaig 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne FP, QV, IN, YL, VD, JF agus OL | 18 |


**Chúirt Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 71/23 | Cás T-250/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Tradición CZ v EUIPO – Rivero Argudo (TRADICIÓN CZ, S.L.) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh TRADICIÓN CZ, S.L. – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "RIVERO CZ" – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) anois) | 19 |
| 2023/C 71/24 | Cás T-242/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Pshonka v an Chomhairle (Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide san Úcráin – Cistí a reo – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur ghlac údarás tríú Stát cinneadh de réir an chirt cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil) | 19 |
| 2023/C 71/25 | Cás T-243/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Pshonka v an Comhairle (Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur ghlac údarás tríú Stát cinneadh de réir chearta na cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil) | 20 |
| 2023/C 71/26 | Cás T-260/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – E. Breuninger v an Coimisiún (Státchabhair – Scéim lena bhfeictear tacaíocht a thabhairt i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Creat sealadach maidir le Státchabhair – Scrúdú aonair ar aon réimeas a bhfuil fógra tugtha ina leith – Beart atá ceaptha chun suaitheadh tromchúiseach ar gheilleagair de chuid Ballstáit a leigheas – Comhréireacht) | 21 |
| 2023/C 71/27 | Cás T-306/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Falke v an Coimisiún (Státchabhair – Scéim lena bhfeictear tacaíocht a thabhairt i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Creat sealadach maidir le Státchabhair – Scrúdú aonair ar aon réimeas a bhfuil fógra tugtha ina leith – Beart atá ceaptha chun suaitheadh tromchúiseach ar gheilleagair de chuid Ballstáit a leigheas – Comhréireacht) | 22 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 71/28 | Cás T-525/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – E. Breuninger v an Coimisiún (Tarchur chun réamhrialú – Státchabhair – Scéim lena bhfeictear réimeas feidearálach um dhamáistí as díobháil as a rinneadh faoi chinntí imshrianta a bhunú sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Beart atá ceaptha chun damáiste a shlánú a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarlachtaintí neamhchoitianta eile – Easnamh leasa chun imeachtaí a thionscnamh – Do-ghlacthacht) | 22 |
| 2023/C 71/29 | Cás T-554/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – European Lotto and Betting v EUIPO – Tipp24 Services (Cash4Life) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Cash4Life – Dearbhfhorais le neamhbhailíocht – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 7 (1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois)) . . . . . . . . . . | 23 |
| 2023/C 71/30 | Cás T-702/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Ekobulkos v an Coimisiún (Státchabhair – Leictreachas a thairgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite – Gearán – Imeachtaí maidir le mhainneachtain gníomhú – Iarraidh ar ghníomhú – Inghlacthacht – Oibleagáid gníomhú – Easnamh) . . . . . . . . . . | 24 |
| 2023/C 71/31 | Cás T-777/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Trend Glass v EUIPO (ECO STORAGE) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ECO STORAGE – Dearbhfhorais le diultú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa sainchʼáilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Deimhneacht dhlíthiúil – Cóir chomhionann) . . . . . . . . . . | 24 |
| 2023/C 71/32 | Cás T-43/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Sanrio v EUIPO – Miroglio Fashion (SANRIO CHARACTERS) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpach – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "SANRIO CHARACTERS" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "CARACTÈRE" – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa riosca mearbhall – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois)) . . . . . . . . . . | 25 |
| 2023/C 71/33 | Cás T-44/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – International Masis Tabak v EUIPO Philip Morris Brands (Léiriú ar phacáiste toitíní) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta freasúra – Clárú idirnáisiúnta ag ainmniú an Aontais Eorpaigh – Marc fíortha ina léirítear paicéad toitíní – Marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe Marlboro SELECTED PREMIUM TOBACCOS – Foras coibhneasta le diúltú – Damáiste do cháil – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001) . . . | 26 |
| 2023/C 71/34 | Cás T-129/22: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Simba Toys v EUIPO – Master Gift Import (BIMBA TOYS) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpach – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh BIMBA TOYS – Focalmharc idirnáisiúnta agus marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe Simba – Trádainm níos luaithe Simba Toys GmbH & Co. KG – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Comparáid idir táirgí – Airteagal 8(4) de Rialachán 2017/1001 – Cóngaracht d'earnálacha eacnamaíocha) . . . . | 26 |
| 2023/C 71/35 | Cás T-234/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Nollaig 2022 – HB v BEI (Seirbhís Shibhialta – Theip ar an Iarratasóir freagra a thabhairt a thuilleadh ar iarratais na Cúirte Ghinearálta – Níl gá le breith a thabhairt) . . . . . . . . . . | 27 |
| 2023/C 71/36 | Cás T-706/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – MiMedx Group v EUIPO – DIZG (Epiflex) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Aistarraingt na hiarrata cúlghairme – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais) . . . . . . . . . . | 27 |
| 2023/C 71/37 | Cás T-127/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Swissgrid v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Fuinneamh – Ardáin Eorpacha chun malartú táirgí caighdeánacha don chothromú fuinnimh – Rannpháirtíocht na hEilvéise – Airteagal 1(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2017/2195 – Litir ón gCoimisiún lena ndiúltaítear rannpháirtíocht oibreoir córais tarchurtha na hEilvéise – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht) . . . . . . . . . . | 28 |

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 71/38 | Cás T-480/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2022 – British Airways v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh – Iomaíocht – Cairtéil – An margadh aerlasta – Cinneadh lena gcinntear go raibh sárú ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE agus Airteagal 8 den Chomhaontú idir an Comhphobal agus an Eilvéis maidir le hAeriompar – Neamhniú ag an gCúirt Ghinearálta – Diúltú ag an gCoimisiún d'ús ar riaráistí a íoc – Imeachtaí athbhreithniúcháin – Tréimhse theorann – Tréimhse achomhairc – Moille – Gníomh lena ndeimhnítear beart a bhí ann roimhe sin – Do-ghlacthacht) | 29 |
| 2023/C 71/39 | Cás T-566/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Steinbach International v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Aontas custaim – Comhtharaif chustaim – Ainmníocht taraife agus staidrimh – Aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte – Ceannteideal taraife – Gníomh rialála lena bhforáiltear do bhearta cur chun feidhme – Easpa cúraim leithligh – Do-ghlacthacht) | 29 |
| 2023/C 71/40 | Cás T-692/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2022 – AL v an Coimisiún (Seirbhís Shibhialta – Imscrúdú OLAF – Gníomhartha OLAF – Aitheantas an chosantóra – Níl aon ghníomh a dhéanfadh dochar ann – Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta – Do-ghlacthacht) | 30 |
| 2023/C 71/41 | Cás T-769/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Nollaig 2022 – Euranimi v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Dumpáil – Allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Easpa cúraim leithligh – Gníomh rialála lena bhforáiltear do bhearta cur chun feidhme – Do-ghlacthacht) | 31 |
| 2023/C 71/42 | Cás T-640/22 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – Westpole Belgium v an Pharlaimint (Faoiseamh eatramhach – Conarthaí seirbhíse poiblí – Seirbhísí teicneolaíochta seachtracha a sholáthar – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne) | 31 |
| 2023/C 71/43 | Cás T-759/22: Caingean arna tabhairt an 2 Nollaig 2022 — Electrawinds Shabla South EAD v an Chomhairle | 32 |
| 2023/C 71/44 | Cás T-777/22: Caingean arna tabhairt an 12 Nollaig 2022 – Penguin Random House v EUIPO – Ediciones Literarias Independientes (PLAN B) | 33 |
| 2023/C 71/45 | Cás T-787/22: Caingean arna tabhairt an 16 Nollaig 2022 – TT v Frontex | 34 |
| 2023/C 71/46 | Cás T-791/22: Caingean arna tabhairt an 21 Nollaig 2022 — Broad Far (Hong Kong) agus M21 v an Coimisiún | 35 |
| 2023/C 71/47 | Cás T-794/22: Caingean arna tabhairt an 21 Nollaig 2022 – Dehesa de Los Llanos v an Coimisiún | 35 |
| 2023/C 71/48 | Cás T-799/22: Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 – Thunas agus páirtithe eile v BEI | 36 |
| 2023/C 71/49 | Cás T-828/22: Caingean arna tabhairt an 23 Nollaig 2022 – ACE v an Chomhairle | 37 |
| 2023/C 71/50 | Cás T-2/23: Caingean arna tabhairt an 5 Eanáir 2023 – Romagnoli Fratelli v CPVO | 38 |
| 2023/C 71/51 | Cás T-10/23: Caingean arna tabhairt an 17 Eanáir 2023 – Light Tec v EUIPO – DecoTrend (Scáthláin lampa) | 39 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 71/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 63, 20.2.2023

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 54, 13.2.2023

IO C 45, 6.2.2023

IO C 35, 30.1.2023

IO C 24, 23.1.2023

IO C 15, 16.1.2023

IO C 7, 9.1.2023

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc, HSBC Continental Europe, ar a tugadh HSBC France v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-883/19 P)** [1]

***(Achomharc – Iomaíocht – Cairtéil – Earnáil na ndíorthach ar rátaí úis in Euro – Cinneadh go raibh sárú ann ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE – Ionramháil ar rátaí tagartha idirbhainc Euribor – Malartú faisnéise rúnda – Srianadh iomaíochta le cuspóir – Cáilíocht – Éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta á gcur san áireamh – Sárú leanúnach aonair – Nós imeachta "hibrideach" a raibh mar thoradh rathúil air gur glacadh cinneadh maidir le socrú agus cinneadh arna dhéanamh faoi ghnáthnós imeachta – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 48 – Toimhde na neamhchiontachta)***

(2023/C 71/02)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc, HSBC Continental Europe, ar a tugadh HSBC France (ionadaithe: C. Angeli, avocate, K. Bacon, KC, D. Bailey, barrister, M. Demetriou, KC, M. Giner, avocate, agus M. Simpson, solicitor)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Berghe, M. Farley agus F. van Schaik, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe mar thaca leis na hachomharcóirí:* Crédit agricole SA, Crédit agricole Corporate and Investment Bank (ionadaithe: J. Jourdan, J.-J. Lemonnier, A. Sieffert-Xuriguera agus J.-P. Tran Thiet, avocats), JPMorgan Chase & Co., JPMorgan Chase Bank, National Association (ionadaithe: D. Das, N. English, N. French, N. Frey, solicitors, D. Heaton, barrister, A. Holroyd, D. Hunt, solicitors, M. Lester, KC, A. Ojukwu, solicitor, D. Piccinin, barrister, L. Ream, solicitor, D. Rose, KC, agus B. Tormey, solicitor)

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Meán Fómhair 2019, *HSBC Holdings agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-105/17, EU:T:2019:675) ar neamhní, a mhéid a dhiúltaítear, i mír 2 den chuid oibríochtúil, don chaingean arna tabhairt i gCás T-105/17 ag HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc agus HSBC France, ar a dtugtar HSBC Continental anois, lenar iarradh go gcuirfí Airteagal 1 de Chinneadh C(2016) 8530 final ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2016 maidir le himeacht de bhun Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT.39914 – Earnáil na ndíorthach ar rátaí úis in Euro) agus, mar mhalairt air sin, Airteagal 1(b) den Chinneadh sin, ar neamhní.

2. Diúltaítear don chaingean arna tabhairt i gCás T-105/17 ag HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc agus HSBC France, ar a dtugtar HSBC Continental anois, lenar iarradh go gcuirfí Airteagal 1 de Chinneadh C(2016) 8530 final agus, mar mhalairt air sin, Airteagal 1(b) den Chinneadh sin, ar neamhní.

3. Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin agus costais HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc agus HSBC Continental Europe, ar a tugadh HSBC France, bhaineann leis an achomharc mar aon lena chostais féin a bhaineann leis an nós imeachta ag an gcéadchéim a íoc.

4. Ordaítear do HSBC Holdings plc, HSBC Bank plc agus HSBC Continental Europe, ar a tugadh HSBC France, a gcostais féin a bhaineann leis an nós imeachta ag an gcéadchéim a íoc.

5. Íocfaidh Crédit agricole SA agus Crédit agricole Corporate and Investment Bank a gcostais féin a bhaineann leis an achomharc.

6. Íocfaidh JP Morgan Chase & Co. agus JP Morgan Chase Bank, National Association, a chostais féin a bhaineann leis an achomharc.

---

([1]) IO C 45, 10.02.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarrataí ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach, an Laitvia), – "DOBELES HES" SIA (C-702/20), Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija (C-17/21)**

**(Cásanna uamtha C-702/20 agus C-17/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Státchabhair – Airteagal 107(1) CFAE – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'oibleagáid ar an oibreoir poiblí leictreachas a cheannach ó tháirgeoirí fuinnimh in athnuaite ar phraghas níos airde ná praghas an mhargaidh – Éagmais íocaíocht de chuid den chabhair atá i gceist – Éileamh ar chúiteamh a dhéanann na táirgeoirí ar údarás poiblí ar leith ón údarás poiblí a gceanglaítear air, i bprionsabal, de réir na reachtaíochta náisiúnta, an chabhair sin a íoc agus a bhfuil buiséad aige atá ceaptha chun feidhmiú an údaráis féin a áirithiú, seachas aon rud eile – Cabhair nua – Ceanglas maidir le fógra a thabhairt – Cabhair de minimis – Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 – Airteagal 5(2) – Carnadh – Cabhair a fuarthas cheana laistigh den tréimhse thagartha bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh)***

(2023/C 71/03)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Augstākā tiesa (Senāts)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* "DOBELES HES" SIA (C-702/20), Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija (C-17/21)

*I láthair:* Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija, Ekonomikas ministrija, Finanšu ministrija, "GM" SIA

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: tá idirghabháil "trí bhíthin acmhainní Stáit", de réir bhrí na forála sin, i gceist le reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar an ngnóthas dáileacháin leictreachais údaraithe leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a cheannach ar phraghas níos airde ná praghas an mhargaidh agus lena sonraítear go ndéanfaí na costais bhreise a eascróidh as a mhaoiniú de bhíthin formhuirear éigeantach a n íocfaidh na custaiméirí deiridh as.

2. Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: ní bheidh aicmiú buntáiste mar "Státchabhair", dé réir bhrí na forála sin, faoi réir an choinníll nach mór go mbeadh an margadh lena mbaineann léirscaoilte go hiomlán cheana féin.

3. Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: amhail, i gcás inar bunaíodh Státchabhair sa reachtaíocht náisiúnta, is "Státchabhair" í freisin íocaíocht suime a ndéantar iarratas ina leith sa chúirt ar bhonn na rialacha sin, de réir bhrí na forála sin.

4. Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: ní mór, sa chás inar Státchabhair í reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceart faoin dlí chun íocaíochta méadaithe as leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in athnuaite fuinnimh, breathnú ar chaingne le haghaidh theachtadh iomlán an chirt sin mar éilimh ar an íocaíocht den chuid den Státchabhair sin nach bhfuarthas, seachas éilimh ar dheonú Státchabhrach ar leithligh ón gcúirt a éisteann an cás.

5. Maidir le Rialachán Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE ar chabhair de minimis, go háirithe Airteagal 5(2) de, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: ní mór an cheist maidir le comhlíonadh na tairsí de minimis, a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán sin a mheas i bhfianaise mhéid na cabhrach a éilítear faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha i dteannta mhéid na n-íocaíochtaí a fuarthas cheana le linn na tréimhse tagartha faoin reachtaíocht sin.

6. Maidir le hAirteagal 1(b)(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: i gcás nach dtagann Státchabhair faoi réim aon cheann de na catagóirí cabhrach atá ann cheana dá bhforáiltear in Airteagal 1(b) den Rialachán sin, ní mór an chabhair sin a aicmiú mar "cabhair nua" de réir bhrí Airteagal 1(c) den Rialachán, lena n áirítear an chuid sin den chabhair a bhfuil éileamh déanta ina leith ina dhiaidh.

7. Maidir le hAirteagal 108(3) CFAE agus Airteagal 2(1) agus Airteagal 3 de Rialachán 2015/1589 an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 108 [CFAE] a chur i bhfeidhm, ní mór léiriú a dhéanamh orthu mar seo a leanas: féadfaidh an chúirt náisiúnta iarratas a dheonú ar íocaíocht suime arb éard atá inti ná cabhair nua nár tugadh fógra don Choimisiún ina leith, ar an gcoinníoll go dtugann na húdaráis náisiúnta lena mbaineann fógra i leith na cabhrach sin don Choimisiún roimh ré agus go n aontaíonn an Coimisiún leis sin, nó go meastar go n-aontaíonn.

8. Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas: níl sé ábhartha, chun a chinneadh an "Státchabhair" de réir bhrí na forála sin atá sna suimeanna, a ndéantar éileamh ina leith ó údarás poiblí ar leithligh ón údarás a bhfuil sé de cheangal air, i bprionsabal, iad a íoc de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena mbaineann agus a bhfuil buiséad aige atá ceaptha chun feidhmiú an údaráis féin a áirithiú, seachas aon rud eile.

---

(1) IO C 79, 08.03.2021
IO C 88, 15.03.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – Lietuvos geležinkeliai AB v an Coimisiún Eorpach, Orlen Lietuva AB**

**(Cás C-42/21 P)** (1)

***(Achomharc – Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Margadh an lasta iarnróid – Cinneadh go raibh sárú ann ar Airteagal 102 CFAE – Rochtain ag gnóthais tríú páirtí ar bhonneagar arna bhainistiú ag cuideachta náisiúnta iarnróid na Liotuáine – Cuid d'iarnród a dhícóimeáil – An coincheap "mí-úsáid" – Foriamh iarbhír nó dóchúil iomaitheora – Feidhmiú dhlínse gan teorainn na Cúirte Ginearálta – Laghdú na fíneála)***

(2023/C 71/04)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Lietuvos geležinkeliai AB (ionadaithe: K. Apel, W. Deselaers agus P. Kirst, Rechtsanwälte)

*Cosantóirí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Cleenewerck de Crayencour, A. Dawes, H. Leupold agus G. Meessen, i gcáil Gníomhairí), Orlen Lietuva AB (ionadaithe: C. Conte, avvocato, agus C. Thomas, avocat)

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don achomharc;

2. Ordaítear do Lietuvos geležinkeliai AB, de bhreis ar a chostas féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiúin Eorpach agus Orlen Lietuva AB a íoc.

---

(1) IO C 98, 22.03.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší soud – Poblacht na Seice) – RegioJet a. s. v České dráhy a.s.**

**(Cás C-57/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – Rialacha lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh – Treoir 2014/104/AE – Airteagail 5 agus 6 – Fianaise a thabhairt ar láimh – Fianaise atá i gcomhad údaráis iomaíochta – Imeachtaí atá ar feitheamh os comhair an Choimisiúin Eorpaigh maidir le sárú ar na rialacha iomaíochta – Imeachtaí náisiúnta a bhaineann le caingean i leith damáistí a bhaineann leis an sárú céanna – Coinníollacha a bhaineann le fianaise a thabhairt ar láimh))***

(2023/C 71/05)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Nejvyšší soud

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* RegioJet a. s.

*Cosantóir:* České dráhy a.s.

*Idiragraí: Česká republika, Ministerstvo dopravy*

### An chuid oibríochtúil

1. Maidir le hAirteagal 5(1) de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar chúirt nó binse náisiúnta a ordú go dtabharfaí fianaise ar láimh chun críocha imeachtaí náisiúnta os comhair na cúirte nó an bhinse sin maidir le caingean i leith damáistí a d'eascair as sárú ar dhlí na hiomaíochta, d'ainneoin go bhféadfadh imeachtaí maidir leis an sárú sin a bheith ar feitheamh os comhair an Choimisiúin Eorpaigh, chun críocha cinneadh a ghlacadh de bhun Chaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101] agus [102 CFAE], rud a thug ar an gcúirt nó binse náisiúnta na himeachtaí a bhí ar feitheamh os a c(h)omhair a chur ar fionraí. Is faoin gcúirt nó faoin mbinse náisiúnta atá sé, áfach, a áirithiú nach sáraítear ach a bhfuil riachtanach ag tabhairt ar láimh na fianaise a iarrtar ag an gcéim seo de na himeachtaí, a gcaithfidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 agus 6 de Threoir 2014/104 a chomhlíonadh, leis an éileamh ar chúiteamh atá os a c(h)omhair.

2. Maidir le hAirteagal 6(5) de Threoir 2014/104,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní hionann fionraí na n-imeachtaí riaracháin arna dtionscnamh ag údarás náisiúnta iomaíochta, ar an mbonn gur thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí faoi Chaibidil III de Rialachán Uimh. 1/2003, agus foirceannadh na n-imeachtaí riaracháin sin ag an údarás sin "trí chinneadh a ghlacadh nó ar chaoi eile", de réir bhrí na forála sin.

3. Maidir le hAirteagal 5(8), 6(5)(a) agus 6(9) de Threoir 2014/104,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leo ar rialacha náisiúnta lena gcuirtear srian sealadach, faoi Airteagal 6(5) den Treoir sin, ní hamháin ar thabhairt ar láimh na faisnéise "ullmhaithe" go sainráite chun críocha na n-imeachtaí arna dtionscnamh ag an údarás iomaíochta, ach ar thabhairt ar láimh na faisnéise uile "arna gcur isteach" chun na gcríoch sin.

4. Maidir le hAirteagal 5(1) de Threoir 2014/104, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6(5)(a) de,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis na forálacha seo ar chúirt nó ar bhinse náisiúnta, de bhun ionstraime nós imeachta den dlí náisiúnta, rialú a dhéanamh ar fhianaise a thabhairt ar láimh agus a ordú go gcuirfí faoi fhorlámhú í, agus scrúdú na ceiste á fhorchoimeád i dtaobh an bhfuil "faisnéis arna hullmhú ag duine nádúrtha nó dlítheanach chun críocha imeachtaí arna dtionscnamh ag údarás iomaíochta go sainráite" san fhianaise sin, de réir bhrí na forála deiridh sin, go dtí an tráth a mbeidh rochtain ag an gcúirt nó ag an mbinse sin ar an bhfianaise sin. Ní mór, áfach, go gcomhlíonfar na ceanglais a eascraíonn as prionsabal na comhréireachta le húsáid ionstraime den sórt sin, mar a shonraítear in Airteagal 5(3) agus 6(4) de Threoir 2014/104.

5. Maidir le hAirteagal 6(5)(a) de Threoir 2014/104,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás ina gcuireann cúirt nó binse náisiúnta, de bhun ionstraime nós imeachta den dlí náisiúnta, scrúdú i dtaobh an bhfuil "faisnéis arna hullmhú ag duine nádúrtha nó dlítheanach chun críocha imeachtaí arna dtionscnamh ag údarás iomaíochta go sainráite" san fhianaise atá á iarraidh a thabhairt ar láimh ar atráth, ní mór don chúirt nó binse sin a áirithiú nach mbeidh rochtain ag an iarratasóir nó ag páirtithe eile sna himeachtaí ná ag a n-ionadaithe ar fhianaise den sórt sin, i gcás ina dtagann an fhianaise faoin liosta bán, sula mbeidh críoch lena (h)athbhreithniú nó, i gcás ina dtagann an fhianaise faoin liosta liath, roimh don údarás inniúil iomaíochta deireadh a chur lena imeachtaí.

---

(1) IO C 148, 26.04.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – BE v Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság**

**(Cás C-132/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagail 77 go 79 – Leigheasanna – Beart comhuaineach – Nasc – Neamhspleáchas nós imeachta – Éifeacht na rialacha cosanta a bhunaítear leis an Rialachán sin – Cur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach na rialacha seo ar fud an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)***

(2023/C 71/06)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* BE

*Cosantóir:* Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság

*Idiragraí:* Budapesti Elektromos Művek Zrt

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 77(1), 78(1) agus 79(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ceadaítear leo feidhmiú comhthráthach agus neamhspleách na leigheasanna dá bhforáiltear, ar thaobh amháin, in Airteagail 77(1) agus 78(1) agus, ar an taobh eile, Airteagal 79(1). Is faoi na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, atá sé rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an nasc idir na leigheasanna sin chun cosaint éifeachtach na gceart a ráthaítear leis an Rialachán sin, cur i bhfeidhm comhleanúnach agus comhsheasmhach a fhorálacha agus an ceart chun leigheas éifeachtach os comhair binse a áirithiú, dá dtagraítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

(1) IO C 206, 31.05.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – RW v Österreichische Post AG**

**(Cás C-154/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 15(1)(c) – Ceart rochtana don ábhar sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi – Faisnéis maidir leis na faighteoirí nó catagóirí na bhfaighteoirí ar nochtadh nó a nochtfar sonraí pearsanta dóibh)***

(2023/C 71/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* RW

*Cosantóir:* Österreichische Post AG

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 15(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tugtar le tuiscint le ceart rochtana don ábhar sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi, dá bhforáiltear leis an bhforáil sin, nuair a nochtadh nó nuair a nochtfar na sonraí sin d'fhaighteoirí, go bhfuil oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí céannacht na bhfaighteoirí sin a chur ar fáil don duine sin, mura bhfuil sé dodhéanta na faighteoirí sin a shainaithint nó má léiríonn an rialaitheoir sin go bhfuil iarrataí an ábhair sonraí ar rochtain gan bhunús nó iomarcach, de réir bhrí Airteagal 12(5) de Rialachán 2016/679, agus i gcás mar sin ní fhéadfaidh sé ach catagóirí na bhfaighteoirí atá i gceist a chur in iúl don duine sin.

(1) IO C 217, 07.06.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – P.I. v Migracijos departamentas prie Lietuvos Respublikos vidaus reikalų ministerijos**

**(Cás C-280/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhbheartas tearmainn – Coinníollacha maidir le bheith in ann tairbhe a bhaint as stádas dídeanaí – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 10(1)(e), agus (2) – Forais ghéarleanúna – Na coincheapa "tuairimí polaitiúla" agus "tuairimí polaitiúla curtha i leith" – Iarrachtaí ag iarrthóir tearmainn é féin a chosaint, ina thír thionscnaimh, trí mhodhanna dlíthiúla i gcoinne gníomhaithe neamhstáit a ghníomhaíonn go mídhleathach agus atá in ann an meicníocht trína bhforchuireann an Stát sin pionóis i leith cionta coiriúla a úsáid)*

(2023/C 71/08)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* P.I.

*Cosantóir:* Migracijos departamentas prie Lietuvos Respublikos vidaus reikalų ministerijos

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 10(1)(e) agus (2) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaítear leis an gcoincheap "tuairim pholaitiúil" iarrachtaí ag iarrathóir ar chosaint idirnáisiúnta, de réir bhrí Airteagal 2(h) agus (i) den Treoir sin, a leasanna ábhartha agus eacnamaíocha pearsanta a chosaint trí mhodhanna dlíthiúla i gcoinne gníomhaithe neamhstáit, a ghníomhaíonn go neamhdhleathach, i gcás ina bhféadfaidh na gníomhaithe sin mar gheall ar a naisc leis an Stát lena mbaineann an éilliú, an meicníocht trína bhforchuireann an Stát sin pionóis i leith cionta coiriúla a úsáid chun aimhleasa an iarratasóra, a mhéid a mheasann gníomhaithe na géarleanúna iarrachtaí den sórt sin mar fhreasúra nó friotaíocht i réimse a bhaineann leis na gníomhaithe sin nó lena mbeartais agus/nó lena modhanna oibre.

([1]) IO C 278, 12.07.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarrataí ar réamhrialú ón Raad van State – an Ísiltír) – Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid v B (C-323/21), F (C-324/21) agus K v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-325/21)**

**(Cásanna Uamtha C-323/21 go C-325/21)** ([1])

*(Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 – Cinneadh an Bhallstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Iarratais iolracha ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach i dtrí Bhallstát – Airteagal 29 – Teorainn ama an aistrithe – Dul in éag – Aistriú freagrachta maidir le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas – Airteagal 27 – Leigheas – Raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh – An fhéidearthacht go mbeadh an t-iarrthóir in ann brath ar aistriú na freagrachta chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas)*

(2023/C 71/09)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Raad van State

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-323/21), (C-324/21), K (C-325/21)

*Cosantóirí:* B (C-323/21), F (C-324/21), Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (C-325/21)

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar Cásanna C-323/21, C-324/21 agus C-325/21 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.

2. Maidir le hAirteagail 23 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   i gcás inar thosaigh feidhm a bheith ag an teorainn ama chun náisiúnach tríú tír a aistriú idir Ballstát iarrtha agus an chéad Bhallstát iarrthach, aistrítear an fhreagracht maidir le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag an duine sin chuig an mBallstát iarrthach sin mar gheall ar dhul in éag na teorann ama sin, d'aineoinn go ndéanann an duine sin, idir an dá linn, iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh i dtríú Ballstát as ar eascair glacadh an Ballstáit iarrtha, le hiarratas ar ghabháil ar ais arna dhéanamh ag an tríú Ballstát sin, ar choinníoll nár aistríodh an fhreagracht sin chuig an tríú Ballstát sin mar thoradh ar dhul in éag ceann de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 23.

   Tar éis an fhreagracht sin a aistriú, ní fhéadfaidh an Ballstát ina bhfuil an duine céanna suite an duine sin a aistriú chuig Ballstát seachas an Ballstát nua atá freagrach, ach féadfaidh sé, ar an taobh eile, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 23(2) den Rialachán sin, iarraidh ar ghabháil ar ais a chur faoi bhráid an Bhallstáit sin.

3. Ní mór Airteagal 27(1) de Rialachán Uimh. 604/2013, arna léamh i bhfianaise aithris 19 den Rialachán sin agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú amhail go gcaithfidh náisiúnach tríú tír a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtrí Bhallstát as a chéile a bheith in ann, sa tríú ceann de na Ballstáit sin, leigheas éifeachtach tapa a bheith aige a chuirfidh ar a chumas brath ar an bhfíoras gur aistríodh an fhreagracht maidir le scrúdú a dhéanamh ar a iarratas, mar gheall ar dhul in éag na teorann ama le haghaidh aistrithe a leagtar síos in Airteagal 29(1) agus (2) den Rialachán sin, chuig an dara ceann de na Ballstáit sin.

---

([1]) IO C 320, 9.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla m. st. Warszawy w Warszawie – an Pholainn) – J.K. v TP S.A.**

**(Cás C-356/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Treoir 2000/78/CE – Airteagal 3(1)(a) agus (c) – Coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar an bhféin-fhostaíocht – Coinníollacha fostaíochta agus oibre – Cosc ar idirdhealú ar bhonn gnéaschlaonta – Duine féinfhostaithe atá ag obair ar bhonn conradh obair shonrach – Foirceannadh agus neamh-athnuachan conartha – Saoirse páirtí conarthach a roghnú)***

(2023/C 71/10)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy dla m. st. Warszawy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* J.K.

*Cosantóir:* TP S.A.

*Idiragraí:* PTPA

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 3(1)(a) agus (c) de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta ar son na córa comhionainne maidir leis an bhfostaíocht agus leis an obair,

ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar seo a leanas:

Cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta a bhfuil sé d'éifeacht aici, ar bhonn na saoirse páirtithe conarthacha a roghnú, cinneadh a eisiamh ón gcosaint in aghaidh idirdhealú atá le tabhairt faoin Treoir sin, ar cinneadh diultú d'athnuachan nó tabhairt i gcrích conradh le duine a bhaineann le hobair shonrach a dhéanfadh an duine sin i gcomhthéacs gníomh ar fhéin-fhostaíocht a bhaint amach, mar gheall ar an ngnéaschlaonta.

[1] IO C 391, 27.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos Aukščiausiasis Teismas – an Liotuáin) – D.V. v M.A.**

**(Cás C-395/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Conradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar – Airteagal 4(2) – Measúnú a dhéanamh ar chineál éagórach na dtéarmaí conarthacha – Eisiamh téarmaí a bhaineann le príomhábhar an chonartha – Téarma lena bhforáiltear do tháillí Dlíodóirí a íoc de réir ráta in aghaidh na huaire – Airteagal 6(1) – Cumhachtaí na cúirte náisiúnta agus í ag plé le téarma atá aicmithe mar "éagórach")***

(2023/C 71/11)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos Aukščiausiasis Teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* D.V.

*Cosantóir:* M.A.

**An chuid oibríochtúil**

(1) Maidir le hAirteagal 4(2) de Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí, arna leasú le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tagann téarma i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar, ar téarma é lena socraítear costas na seirbhísí arna soláthar de réir ráta in aghaidh na huaire, faoin bhforáil seo.

(2) Maidir le hAirteagal 4(2) de Treoir 93/13, arna leasú le Treoir 2011/83,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chomhlíontar an ceanglas maidir le dréachtú soiléir agus intuigthe, de réir bhrí na forála seo, le téarma i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar, ar téarma é lena socraítear costas na seirbhísí seo de réir ráta in aghaidh na huaire gan faisnéis a sholáthar don tomhaltóir, roimh thabhairt i gcrích an chonartha, ionas gur féidir leis a chinneadh a dhéanamh, go stuama agus le láneolas ar na hiarmhairtí a eascraíonn as tabhairt i gcrích an chonartha sin.

(3) Maidir le hAirteagal 3(1) de Treoir 93/13, arna leasú le Treoir 2011/83,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás téarma i gconradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar, ar téarma é lena socraítear costas na seirbhísí seo de réir ráta in aghaidh na huaire agus a bhaineann, mar sin, le príomhábhar an chonartha, ní gá é a mheas mar théarma éagórach toisc nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le trédhearcacht dá bhforáiltear le hAirteagal 4(2) den Treoir sin agus dá thoisc sin amháin, ach amháin i gcás inar fhoráil an Ballstát ina bhfuil feidhm ag an gconradh atá i gceist go sainráite, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir sin, arna leasú, go n-eascraíonn aicmiú an téarma sin mar théarma éagórach as an gcúis sin amháin.

(4) Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Treoir 93/13, arna leasú le Treoir 2011/83,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás nach bhfuil conradh arna thabhairt i gcrích ag Dlíodóir agus tomhaltóir chun seirbhísí dlí a sholáthar inmharthana i ndiaidh téarma a bhaint uaidh a dhearbhaítear a bheith éagórach, ar téarma é lena socraítear costas na seirbhísí de réir ráta in aghaidh na huaire, agus inar soláthraíodh na seirbhísí seo, ní chuirtear cosc leo ar an gcúirt náisiúnta na cúinsí ina mbeadh an tomhaltóir mura raibh an téarma sin ann a athchur ar bun, fiú mura bhfaigheadh an trádálaí aon íocaíocht as a sheirbhísí nó as a seirbhísí dá dheasca sin. I gcás ina bhfágfaí an tomhaltóir gan chosaint ar iarmhairtí a bheadh thar a bheith dochrach dá gcuirfí an conradh ar neamhní ina iomláine, rud atá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní chuirtear cosc leis na forálacha seo ar an gcúirt náisiúnta réiteach a thabhairt ar neamhbhailíocht an téarma sin le foráil dlí naisiúnta a chur ina ionad atá de chineál forlíontach agus infheidhme i gcás ina bhfuil na páirtithe sa chonradh sin ar aon toil faoi. Os a choinne sin, cuirtear cosc leis na forálacha seo ar chúirt naisiúnta meastachán breithiúnach ar an leibhéal íocaíochta atá dlite le haghaidh na seirbhísí seo a chur in ionad an téarma éagóraigh arna chur ar neamhní.

(1) IO C 368, 13.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht München I – an Ghearmáin) – KT, NS v FTI Touristik GmbH**

**(Cás C-396/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir (AE) Uimh. 2015/2302 – Airteagal 14(1) – Taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha – Conradh taistil láneagraithe a chur chun feidhme – Freagracht an eagraithe lena mbaineann – Bearta chun leathadh domhanda galair aicídigh a chomhrac – Paindéim COVID-19 – Srianta arna gcur i bhfeidhm i gceann scríbe agus in áit ghnáthchónaithe an taistealaithe lena mbaineann agus i dtíortha eile – Neamhcomhlíontacht na seirbhísí arna soláthar i gcomhthéacs an turais láneagraithe lena mbaineann – Laghdú iomchuí ar phraghas an turais láneagraithe sin)***

(2023/C 71/12)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht München I

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* KT, NS

*Cosantóir:* FTI Touristik GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 14(1) de Threoir (AE) Uimh. 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tá taistealaí i dteideal praghas laghdaithe a fháil ar a thuras láneagraithe, nó ar a turas láneagraithe, i gcás go bhfuil neamhchomhlíontacht na seirbhísí a chumhdaítear sa turas láneagraithe mar thoradh ar na srianta arna bhforchur ina cheann scríbe, nó ina ceann scríbe, chun leathadh domhanda galair aicídigh a chomhrac agus inar forchuireadh a leithéid de shrianta ina ghnátháit chónaithe, nó ina gnátháit chónaithe, chomh maith agus i dtíortha eile mar gheall ar leathadh domhanda an ghalair sin. Ionas go mbeidh sé iomchuí, ní mór measúnú a dhéanamh ar an bpraghas laghdaithe seo i bhfianaise na seirbhísí atá san áireamh sa turas láneagraithe lena mbaineann agus ní mór dó a bheith i gcomhréir le luach na seirbhísí ar cinneadh iad a bheith neamhchomhlíontach.

(1) IO C 382, 20.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 12 Eanáir 2023 – Frédéric Jouvin v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-719/21 P)** [1]

***(Achomharc – Iomaíocht – Cairtéil – Airteagal 101 CFAE – Gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach – Cinneadh ón gCoimisiún lena ndiúltaítear don ghearán – Caingean le haghaidh neamhniú – Sprioc-ama chun frithaighneacht a thaisceadh)***

(2023/C 71/13)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Frédéric Jouvin (ionadaí: L. Bôle-Richard, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Boitos, B. Ernst agus A. Keidel, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear don Uasal Frédéric Jouvin a chostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

(1) IO C 64, 7.2.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 12 Eanair 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof – an Ghearmáin) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne MV**

**(Cás C-583/22 PPU)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhoibriú póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh Réime 2008/675/CGB – Airteagal 3(1) – Prionsabal go gcaithfear déileáil le ciontuithe roimhe sin a fógraíodh i mBallstát eile ar an mbealach céanna – Oibleagáid a áirithiú go mbeadh éifeachtaí na bpianbhreitheanna sin ar comhionann leo siúd a bhí ag ciontuithe náisiúnta roimhe sin – Rialacha náisiúnta maidir le pianbhreitheanna carnacha a posteriori – Cionta iomadúla – Pianbhreith chuimsitheach – Síleáil cúig bliana déag le haghaidh pianbhreitheanna coimeádta ar théarma seasta – Airteagal 3(5) – Eisceacht – Cion a rinneadh sular fógraíodh na pianbhreitheanna nó sular cuireadh i bhfeidhm iad sa Bhallstát eile)***

(2023/C 71/14)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtí sna príomhimeachtaí**

MV

*Páirtí leasmhar:* Generalbundesanwalt beim Bundesgerichtshof

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 3(1) agus (5) de Chinneadh Réime 2008/675/CGB ón gComhairle an 24 Iúil 2008 maidir le ciontuithe i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh le linn imeachtaí coiriúla nua,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní bheidh dualgas ar Bhallstát, in imeachtaí coiriúla a thionscnófar i gcoinne duine, éifeachtaí atá comhionann leo siúd a ghabhann le ciontuithe náisiúnta roimhe sin a chur i leith ciontuithe roimhe sin arna bhfógairt i mBallstát eile, i gcoinne an duine sin agus i leith fíorais éagsúla, de réir rialacha an dlí náisiúnta a bhaineann le pianbhreitheanna carnacha más rud é, de pháirt amháin, go ndearnadh an cion ba chúis leis na himeachtaí sin sular fógraíodh na ciontuithe níos luaithe sin agus, den pháirt eile, go gcuirfí cosc ar an gcúirt náisiúnta sna himeachtaí sin pianbhreith a fhóghairt a bheifí in ann a fhorchur i gcoinne an duine lena mbaineann dá gcuirfí na ciontuithe níos luaithe sin san áireamh de réir na rialacha dlí náisiúnta sin.

2) Maidir le hAirteagail 3(5), an dara fomhír, de Chinneadh Réime 2008/675

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i dtaobh ciontuithe roimhe sin arna bhfógairt i mBallstát eile a chur san áireamh, de réir bhrí na forála sin, ní cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta leis sin an míbhuntáiste atá ann toisc nach bhféadfaí pianbhreitheanna carnacha a ordú a posteriori, dá bhforáiltear i gcás ciontuithe náisiúnta roimhe sin, a shuíomh agus cúiseanna sonracha a thabhairt ina leith.

(1) IO C 424, 7.11.2022.

**Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 12 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā rajona tiesa – an Laitvia) – "MS Konsultanti" SIA v Valsts ieņēmumu dienests**

**(Cás C-359/21)** (1)

***(Cás a bhaint ón gclár)***

(2023/C 71/15)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administratīvā rajona tiesa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "MS Konsultanti" SIA

*Cosantóir:* Valsts ieņēmumu dienests

**An chuid oibríochtúil**

Baintear Cás C-359/21 ó chlár na Cúirte.

(1) Dáta taisecthe: 8.6.2021.

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Eanair 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Ambisig – Ambiente e Sistemas de Informação Geográfica SA v Fundação do Desporto, ANO – Sistemas de Informática e Serviços Lda, Link Consulting – Tecnologias de Informação SA**

**(Cás C-469/22)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Conarthaí seirbhíse poiblí, soláthair agus oibreacha a dhámhachtain – Treoir 2014/24/AE – Stiúradh an imeachta – Roghnú na rannpháirtithe agus conarthaí a dhámhachtain – Airteagal 63 – Oibreoir eacnamaíoch ag baint úsáid as cumais eintitis eile chun ceanglais an údaráis chonarthaigh a chomhlíonadh – Oibleagáid don oibreoir eacnamaíoch sin doiciméid oiriúnachta fochonraitheora a chur isteach tar éis an conradh a dhámhachtain – Neamh-chomhoiriúnacht)***

(2023/C 71/16)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ambisig – Ambiente e Sistemas de Informação Geográfica SA

*Cosantóir:* Fundação do Desporto, ANO – Sistemas de Informática e Serviços Lda, Link Consulting – Tecnologias de Informação SA

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 63 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 59 agus aithris 84 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuireann sé bac ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach gcaithfidh oibreoir eacnamaíoch a bhfuil sé ar intinn aige cumais eintitis eile a úsáid chun conradh poiblí a chomhlíonadh doiciméid oiriúnachta an eintitis sin agus a dhearbhú tiomantais a chur isteach ach i ndiaidh dhámhachtain an chonartha atá i gceist.

[1] Dáta an taiscthe: 13.07.2022

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 22 Nollaig 2022 – an Chomhairle v FI (C-313/21 P) agus an Coimisiún v FI (C-314/21 P)**

**(Cásanna uamtha C-313/21 P agus C-314/21 P)** [1]

***(Achomharc – Airteagal 182 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Seirbhís Shibhialta – Pinsean – Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – Pinsean marthanóra a dheonú – Céile marthanach d'iar-oifigeach a raibh pinsean scoir á fháil aige nó aici – Pósadh oifigigh i ndiaidh dó nó di bheith in ann liúntas easláine a fháil – An coinníoll gur mhair an pósadh cúig bliana ar a laghad ar dháta bhás an oifigigh – Airteagal 19 d'Iarscríbhinn VIII – Pósadh oifigigh roimh dó nó di bheith in ann liúntas easláine a fháil – Éagmais choinníoll maidir le huastréimhse an phósta – Pléadáil neamhdhleathachta i leith Airteagal 20 d'Iarscríbhinn VIII – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 20 – Prionsabal na córa comhionainne – Airteagal 21(1) – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Airteagal 52(1) – Easpa idirdhealaithe threallaigh nó idirdhealú atá mí-oiriúnach go follasach i bhfianaise an chuspóra a bhfuil reachtas an Aontais dírithe air)***

(2023/C 71/17)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

I gCás C-313/21 P:

*Ionadaí:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bauer, M. Alver, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* FI, an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa

I gCás C-314/21 P:

*Ionadaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. S. Bohr, B. Mongin, Gníomhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* FI, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 22 Nollaig 2022, chuir an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 10 Márta 2021, *FI* v *an Coimisiún* (T-694/14, neamhfhoilsithe, EU:T:2021:122) ar neamhní, dhiúltaigh sí don chaingean de chuid FI i gcás T-694/19, d'ordaigh sí do FI a chostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach i gcás T-694/19 agus i gcásanna C-313/21 P agus C-314/21 P araon a íoc, agus d'ordaigh sí do Pharlaimint na hEorpa na costais arna dtabhú i gcás T-694/19 a íoc.

(1) Dáta taisce: 19.5.2021.

---

**Achomharc arna thabhairt an 4 Samhain 2022 ag DD i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a tugadh an 7 Meán Fómhair 2022 i gCás T-470/20, DD v FRA**

**(Cás C-680/22 P)**

(2023/C 71/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* DD (ionadaithe: N. Lorenz, Rechtsanwältin)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas faoi achomharc a chur ar ceal ina iomláine agus

— mar thoradh air sin,

  — cinneadh Stiúrthóir FRA dar dáta an 11 Samhain 2019 chun an smachtbhanna araíonachta a eisiúint maidir le cur as oifig atá i bhfeidhm an 15 Samhain 2019 a chur ar neamhní;

  — más gá, cinneadh Stiúrthóir FRA dar dáta an 15 Aibreán 2020 lena ndiúltaítear do ghearán an Achomharcóra a chur ar neamhní;

  — an t-ábhar agus an dochar morálta a d'fhulaing an t-tAchomharcóir a chúiteamh;

  — a ordú don Chosantóir na costais go léir a íoc, lena n-áirítear na costais ag an gcéad chéim agus ar achomharc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena achomharc, maíonn an tAchomharcóir na saincheisteanna agus na príomhargóintí seo a leanas maidir leis an mbreithiúnas atá faoi chonspóid:

1. Earráid dlí, aicmiú mícheart dlíthiúil ar fhíorais, saobhadh fianaise, earráid fhollasach measúnaithe, scrúdú neamhiomlán ar phléadáil an Achomharcóra, réasúnaíocht neamhleor, saobhadh fianaise, aicmiú dlíthiúil mícheart ar fhíorais, réasúnaíocht neamhleor, diúltú neamhdhleathach do bhearta eagrúcháin an nós imeachta a iarrtar, nós imeachta neamhdhleathach maidir leis an seachtú saincheist dlí.

2. Earráid dlí, réasúnaíocht neamhleor, scrúdú neamhiomlán ar shaincheist an Achomharcóra, saobhadh fianaise, earráid fhollasach measúnaithe, gníomh *ultra vires* agus *ultra petita*, sárú ar Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcéad saincheist.

3. Earráid dlí, aicmiú dlíthiúil mícheart, saobhadh fianaise agus earráid fhollasach measúnaithe maidir leis an ráiteas fíorais.

4. Earráid dlí, saobhadh fianaise, earráid fhollasach measúnaithe, réasúnaíocht neamhleor, scrúdú neamhiomlán ar shaincheist an Achomharcóra, mainneachtain na fíorais atá ábhartha ó thaobh dlí de a bhunú, scrúdú dlíthiúil ar na fíorais ábhartha, scrúdú neamhiomlán ar an saincheist, réasúnaíocht neamhleor. maidir leis an gcúigiú saincheist dlí.

5. Earráid dlí, saobhadh fianaise, scrúdú neamhiomlán ar an saincheist, réasúnaíocht neamhleor, nós imeachta neamhdhleathach agus gníomh *ultra vires* maidir leis an séú saincheist dlí.

6. Scrúdú neamhiomlán ar an saincheist agus réasúnaíocht neamhleor maidir leis an ochtú saincheist dlí.

7. Saobhadh fianaise, earráid fhollasach measúnaithe agus scrúdú neamhiomlán ar shaincheist an Achomharcóra maidir leis an dara agus an tríú saincheist dlí.

8. Sárú ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ag an gCúirt Ghinearálta.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht (an Ghearmáin) a taisceadh an 17 Samhain 2022 – Konzernbetriebsrat der O SE & Co. KG**

**(Cás C-706/22)**

(2023/C 71/19)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Konzernbetriebsrat der O SE & Co. KG

*Páirtí leasmhar:* Vorstand der O Holding SE

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2015/2001 ([1]), arna léamh i gcomhar le hAirteagail 3 go 7 de Threoir 2001/86/CE ([2]), a léiriú sa chaoi, i gcás ina bhfoirmítear SE sealbhaíochta le cuideachtaí rannpháirtíochta nach bhfuil aon fhostaí acu agus nach bhfuil fo-chuideachtaí acu a bhfuil fostaithe acu agus gur cláraíodh an SE sealbhaíochta i gclár Ballstáit ("SE gan fostaithe") gan tabhairt faoi nós imeachta caibidlíochta le haghaidh rannpháirtíocht na bhfostaithe sa SE ar dtús, nach mór faoin Treoir sin tabhairt faoin nós imeachta caibidlíochta sin go cúlghabhálach má thagann an SE chun bheith ina ghnóthas rialaithe d'fho-chuideachtaí i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach a bhfuil fostaithe acu?

2. I gcás go dtabharfaidh an Chúirt freagra dearfach ar an gcéad cheist:

   An gan teorainn ama gur féidir agus gur ghá tabhairt faoin nós imeachta caibidlíochta go cúlghabhálach i gcás den sórt sin?

3. I gcás go dtabharfaidh an Chúirt freagra dearfach ar an dara ceist:

   An gcuirtear cosc le hAirteagal 6 de Threoir 2001/86 ar chur i bhfeidhm dhlí an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag an SE anois chun tabhairt faoin nós imeachta caibidlíochta go cúlghabhálach i gcás go raibh an "SE gan fostaithe" cláraithe sa chlár i mBallstát eile gan dó tabhairt faoi nós imeachta den sórt sin ar dtús agus fiú, sular aistríodh a oifig chláraithe, a tháinig chun bheith ina chuideachta rialaithe d'fho-chuideachtaí i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach a bhfuil fostaithe acu?

4. I gcás go dtabharfaidh an Chúirt freagra dearfach ar an tríú ceist:

   An bhfuil feidhm aige sin freisin i gcás ina bhfuil an Stát inar cláraíodh an "SE gan fostaithe" sin ar dtús tar éis tarraingt siar as an Aontas Eorpach, i ndiaidh aistriú na hoifige cláraithe, agus nach bhfuil aon fhoráil a thuilleadh ina dhlí i leith tabhairt faoi nós imeachta caibidlíochta le haghaidh rannpháirtíocht fostaithe sa SE?

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 maidir leis an Reacht do chuideachta Eorpach (SE) (IO 2001 L 294, lch. 1).

([2]) Treoir 2001/86/CE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 lena bhforlíontar an Reacht do chuideachta Eorpach (SE) maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO 2001 L 294, lch. 22).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Rayonen sad – Nesebar (an Bhulgáir) a taisceadh an 5 Nollaig 2022 – "Vodosnabdyavane i kanalizatsia" EAD v PQ**

**(Cás C-744/22)**

(2023/C 71/20)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

### An chúirt a rinne an tarchur

Rayonen sad – Nesebar

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* "Vodosnabdyavane i kanalizatsia" EAD

*Cosantóir:* PQ

### Na ceisteanna a tharcuirtear

1. Chun críche imeachtaí amhail na príomhimeachtaí a bhaineann le caingean i gcoinne tomhaltóra chun íoc as úsáid bhídeach uisce, an bhfuil forálacha Airteagal 2(5) agus Airteagal 7(2)(1) den Naredba 1 ot 09.07.2004g. za minimalnite razmeri na advokatskite vaznagrazhdenia (Rialachán Uimh. 1 an 9 Iúil 2004 maidir le híosleibhéal táillí dlíodóirí) – atá infheidhme faoi Airteagal 47(6) den Grazhdanski protsesualen kodeks (Cód an Nós Imeachta Shibhialta, "GPK") agus a bhaineann leis na rialacha lena gcinntear táillí ionadaí speisialta an chosantóra nach bhfuil i láthair – i gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 169(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, má ordaítear don tomhaltóir, mura n-éiríonn leis sa chaingean sin, i gcomhréir le hAirteagal 78(1) den GPK, costais an ionadaí speisialta a íoc freisin?

2. An bhfuil an fhoráil in Airteagal 47(6) den GPK, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 26(1) den Zakon za pravnata pomosht (Gníomh maidir le cúnamh dlí), i dtaobh ionadaí speisialta a cheapadh i gcás nach féidir teacht ar an tomhaltóir ag a sheoladh, lena bhforáiltear go gcinnfidh an chúirt an táille, agus go bhféadfadh suim atá níos lú ná an t-íosleibhéal a chinneadh, cé go bhfuil comhlacht eile, an Chomhairle Barra, freagrach as an ionadaí speisialta a ainmniú agus in ann, dá rogha féin agus toisc amháin nach n-aontaíonn sí leis an táille a chinn an chúirt, diúltú ionadaí speisialta a ainmniú, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 169(1) CFAE?

3. I gcás go ndiúltófar dlíodóir a ainmniú mar ionadaí speisialta, an bhfuil an chúirt i dteideal, trí dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm go díreach, go háirithe forálacha Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 169(1) CFAE, dul i muinín forálacha eile chun cosaint ceart tomhaltóirí a áirithiú sna himeachtaí, ar forálacha iad nach bhfuil feidhm acu, i bprionsabal, i gcásanna den sórt sin faoin dlí náisiúnta i bPoblacht na Bulgáire, amhail cúnamh dlí a dheonú faoi Airteagal 95(1) den GPK gan iarratas ón tomhaltóir ina leith sin?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Korkein hallinto-oikeus (an Fhionlainn) a taisceadh an 9 Nollaig 2022 – EP v Maahanmuuttovirasto**

**(Cás C-752/22)**

(2023/C 71/21)

*Teanga an cháis: an Fhionlainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Korkein hallinto-oikeus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Achomharcóir: EP

Páirtí eile: Maahanmuuttovirasto

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil feidhm ag Treoir 2003/109/CE ([1]) maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad maidir le díbirt duine ó chríoch an Aontais Eorpaigh, ar duine é a tháinig isteach nuair a bhí toirmeasc air teacht isteach i gcríoch Bhallstáit agus a bhí, dá bhrí sin, ina chónaí sa Bhallstát go mídhleathach faoin dlí náisiúnta agus nár chuir isteach ar chead cónaithe sa Bhallstát sin, i gcás ina bhfuil cead cónaithe fadtéarmach do náisiúnaigh tríú tíortha eisithe don duine sin i mBallstát eile?

   I gcás go dtabharfar freagra dearfach ar an gcéad cheist:

2. Maidir le hAirteagal 12(1) agus (3) agus Airteagal 22(3) de Threoir 2003/109/CE maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, an bhfuil a n-ábhar neamhchoinníollach agus sách beacht go bhféadfadh náisiúnach tríú tír brath orthu i gcoinne Ballstáit?

([1]) Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO 2004 L 16, lch. 44).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 15 Nollaig 2022 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne FP, QV, IN, YL, VD, JF agus OL**

**(Cás C-760/22)**

(2023/C 71/22)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad

**Cúisithe**

FP, QV, IN, YL, VD, JF agus OL

**An cheist a tharchuirtear**

An sárófaí ceart an chúisí a bheith i láthair ag a thriail faoi Airteagal 8(1), arna léamh i gcomhar le haithrisí 33 agus 44, de Threoir 2016/343 ([1]) i gcás ina nglacann an cúisí páirt sna himeachtaí sa chás coiriúil trí nasc ar líne, arna iarraidh sin go sainráite aige, má dhéanann dlíodóir atá údaraithe aige agus atá i láthair i seomra na cúirte cosaint ar a shon agus má tá sé in ann an triail a leanúint leis an nasc, fianaise a chur os comhair na cúirte agus gur féidir fianaise a chur ar fáil dó agus más féidir é a éisteacht gan constaicí teicniúla agus cumarsáid éifeachtach agus rúnda leis an dlíodóir a áirithiú dó?

([1]) Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1).

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Tradición CZ v EUIPO – Rivero Argudo (TRADICIÓN CZ, S.L.)**

**(Cás T-250/19)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh TRADICIÓN CZ, S.L. – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "RIVERO CZ" – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) anois)***

(2023/C 71/23)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Tradición CZ, SL (Jerez de la Frontera, an Spáinn) (ionadaí: M. Aznar Alonso, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Palmero Cabezas agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta*: María Dolores Rivero Argudo (Jerez de la Frontera, an Spáinn) (ionadaí: A. Vela Ballesteros, Dlíodóir)

**Maidir le**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 4 Feabhra 2019 ar neamhní i bpáirt (Cás R 257/2018-2).

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh an 4 Feabhra 2019 (Cás R 257/2018-2) ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le "seirbhísí mórdhíola agus miondíola i siopaí agus trí líonraí domhanda ríomhaireachta a bhaineann le fínéagar" in Aicme 35 de Chomhaontú Nice a Bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do Tradición CZ, SL, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus María Dolores Rivero Argudo a gcostais féin a íoc.

[1] IO C 187, 3.6.2019.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Pshonka v an Chomhairle**

**(Cás T-242/21)** [1]

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide san Úcráin – Cistí a reo – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur ghlac údarás tríú Stát cinneadh de réir an chirt cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 71/24)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Artem Viktorovych Pshonka (Kramatorsk, an Úcráin) (ionadaí: M. Mleziva, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Vobořil, R. Pekař agus S. Van Overmeire, Gníomhairí)

**Maidir le**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh 2021/394 (CBES) ón gComhairle an 4 Márta 2021, lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2021 L 77, lch. 29) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/391 ón gComhairle an 4 Márta 2021, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO 2021 L 77, lch. 2), a neamhniú, a mhéid a choinníonn na gníomhartha sin a ainm ar liosta maidir le daoine, eintitis agus comhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar Cinneadh 2021/394 (CBES) ón gComhairle an 4 Márta 2021, lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/391 ón gComhairle an 4 Márta 2021, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, a neamhniú, a mhéid a coinníodh ainm Artem Viktorovych Pshonka ar liosta maidir le daoine, eintitis agus comhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach sin.

2) Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

---

(1) IO C 263, 5.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Pshonka v an Comhairle**

**(Cás T-243/21)** (1)

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur ghlac údarás tríú Stát cinneadh de réir chearta na cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 71/25)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Viktor Pavlovych Pshonka (Cív, an Úcráin) (ionadaí: M. Mleziva, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Vobořil, R. Pekař agus S. Van Overmeire, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh (CBES) 2021/394 ón gComhairle, an 4 Márta 2021, lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Úcráin (IO 2021, L 77, lch. 29), chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/391 ón gComhairle an 4 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Úcráin (IO 2021, L 77, lch. 2), a mhéid a ndéantar ainm an iarratasóra a choinneáil ar liosta na ndaoine, na n-eintitis, agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha sin maidir leo.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar Cinneadh (CBES) 2021/394 ón gComhairle, an 4 Márta 2021, lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Úcráin, chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/391 ón gComhairle an 4 Márta 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin, a neamhniú, a mhéid a ndéantar ainm Viktor Pavlovych Pshonka a choinneáil ar liosta na ndaoine, na n-eintitis, agus na gcomhlachtaí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha sin maidir leo.

2) Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

(1) IO C 263, 5.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – E. Breuninger v an Coimisiún**

**(Cás T-260/21)** (1)

***(Státchabhair – Scéim lena bhfeictear tacaíocht a thabhairt i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Creat sealadach maidir le Státchabhair – Scrúdú aonair ar aon réimeas a bhfuil fógra tugtha ina leith – Beart atá ceaptha chun suaitheadh tromchúiseach ar gheilleagair de chuid Ballstáit a leigheas – Comhréireacht)***

(2023/C 71/26)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* E. Breuninger GmbH & Co. (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaithe: R. Velte agus W. Meilicke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Bottka, G. Braga da Cruz agus C. Kovács, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: P.-L. Krüger agus J. Möller, i gcáil Gníomhairí)

**Abhár**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2020) 8318 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020, maidir le Státchabhair SA.59289 (2020/N) – an Ghearmáin COVID-19 – tacaíocht i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe (IO 2022, C 124, lch. 1), arna leasú le Cinneadh C(2021) 1066 final ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021, maidir le Státchabhair SA.61744 (2021/N) – Chomhfhógra i leith leasú lena n-oiriúnaítear scéimeanna cabhrach a bhfuil cead faighte ina leith faoin gcreat sealadach, go háirithe i ndiaidh an cúigiú leasúcháin ar an gcreat sealadach (IO 2021, C 77, lch. 18), ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do E. Breuninger GmbH & Co a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3. Ordaítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine a costais féin a íoc.

(1) IO C 263, 5.7.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Falke v an Coimisiún**

**(Cás T-306/21)** ([1])

***(Státchabhair – Scéim lena bhfeictear tacaíocht a thabhairt i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Creat sealadach maidir le Státchabhair – Scrúdú aonair ar aon réimeas a bhfuil fógra tugtha ina leith – Beart atá ceaptha chun suaitheadh tromchúiseach ar gheilleagair de chuid Ballstáit a leigheas – Comhréireacht)***

(2023/C 71/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Falke KGaA (Schmallenberg, an Ghearmáin) (ionadaithe: R. Velte agus W. Meilicke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Bottka, G. Braga da Cruz agus C. Kovács, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: P.-L. Krüger agus J. Möller, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2020) 8318 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020, maidir le Státchabhair SA.59289 (2020/N) – an Ghearmáin COVID-19 – tacaíocht i ndáil le costais sheasta nach bhfuil cumhdaithe (IO 2022, C 124, lch. 1), arna leasú le Cinneadh C(2021) 1066 final ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021, maidir le Státchabhair SA.61744 (2021/N) – Chomhfhógra i leith leasú lena n-oiriúnaítear scéimeanna cabhrach a bhfuil cead faighte ina leith faoin gcreat sealadach, go háirithe i ndiaidh an cúigiú leasúcháin ar an gcreat sealadach (IO 2021, C 77, lch. 18), ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Falke KGaA a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtahbhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3. Ordaítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine a costais féin a íoc.

([1]) IO C 278, 12.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – E. Breuninger v an Coimisiún**

**(Cás T-525/21)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Státchabhair – Scéim lena bhfeictear réimeas feidearálach um dhamáistí as díobháil as a rinneadh faoi chinntí imshrianta a bhunú sa Ghearmáin – Cinneadh gan agóidí a dhéanamh – Beart atá ceaptha chun damáiste a shlánú a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarlachtaintí neamhchoitianta eile – Easnamh leasa chun imeachtaí a thionscnamh – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* E. Breuninger GmbH & Co. (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaithe: R. Velte agus W. Meilicke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Bottka, G. Braga da Cruz agus C. Kovács, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: J. Möller agus P.-L. Krüger, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2021) 3999 final ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2021, maidir le Státchabhair SA.62784 (2021/N) – an Ghearmáin COVID-19 – Réimeas feidearálach um dhamáistí (IO 2021, C 223, lch. 25), ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do E. Breuninger GmbH & Co a chostas féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, a íoc.

3) Ordaítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine a costais féin a íoc.

---

(1) IO C 431, 25.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – European Lotto and Betting v EUIPO – Tipp24 Services (Cash4Life)**

**(Cás T-554/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Cash4Life – Dearbhfhorais le neamhbhailíocht – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 71/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* European Lotto and Betting Ltd (Ocean Village, Giobráltar) (ionadaí: D. Egan, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer agus M. Eberl, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an bhoird achomhairc de EUIPO:* Tipp24 Services Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 8 Iúil 2021 (Cás R 264/2020-1) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do European Lotto and Betting Ltd na costais a íoc.

---

(1) IO C 502, 13.12.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Ekobulkos v an Coimisiún**

**(Cás T-702/21)** [1]

***(Státchabhair – Leictreachas a thairgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite – Gearán – Imeachtaí maidir le mhainneachtain gníomhú – Iarraidh ar ghníomhú – Inghlacthacht – Oibleagáid gníomhú – Easnamh)***

(2023/C 71/30)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ekobulkos EOOD (Todorichene, an Bhulgáir) (ionadaí: M. Dimitrov, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C.-M. Carrega agus C. Georgieva, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 265 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gCúirt Ghinearálta a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún Eorpach go mídhleathach dearcadh a ghlacadh ar a ghearán, arna chur isteach an 21 Feabhra 2020, maidir le beart a líomhnaítear a bheith mar Státchabhair, arna dheonú ag Poblacht na Bulgáire agus faoina gcaitear go fabhrach le táirgeoirí áirithe fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Ekobulkos EOOD agus don Choimisiún Eorpach a gcuid costas féin a íoc.

[1] IO C 24, 17.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Trend Glass v EUIPO (ECO STORAGE)**

**(Cás T-777/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ECO STORAGE – Dearbhfhorais le diultú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa saincháilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Deimhneacht dhlíthiúil – Cóir chomhionann)***

(2023/C 71/31)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Trend Glass sp. z o.o. (Radom, an Pholainn) (ionadaí: J. Gwiazdowska, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Chylińska agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 11 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 1315/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Trend Glass sp. z o.o. na costais a íoc.

---

([1]) IO C 51, 31.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Sanrio v EUIPO – Miroglio Fashion (SANRIO CHARACTERS)**

**(Cás T-43/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpach – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "SANRIO CHARACTERS" – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe "CARACTÈRE" – Foras coibhneasta le diúltú – Easpa riosca mearbhall – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2023/C 71/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sanrio Co. Ltd (Tóiceo, an tSeapáin) (ionadaí: V. Schmitz Fohrmann, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Miroglio Fashion Srl (Alba, an Iodáil)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Samhain 2021 (Cás R 2460/2020-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Samhain 2021 (Cás R 2460/2020-2) ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le:

— "seirbhísí mórdhíola, miondíola agus ordaithe poist a bhaineann le málaí, sparáin agus sparán a dhíol; seirbhísí mórdhíola, miondíola agus ordaithe poist a bhaineann le díol coisbheart agus déanamh hataí; seirbhísí mórdhíola, miondíola agus ordaithe poist a bhaineann le díol earraí spóirt", in Aicme 35 de réir bhrí an Chomhaontaithe Dheas maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Chlárú Marcanna, dar dáta 15 Meitheamh, 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú;

— "Trealamh tarrthála agus trealamh; feistí cosanta timpiste pearsanta; maisc tumadóireachta; spéaclaí spóirt; clogaid chosanta do spóirt; maisc chosanta; pluga cluaise le haghaidh tumadóireachta; pluga cluaise le haghaidh snámh", i Rang 9.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do Sanrio Co. Ltd agus d'EUIPO a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 119, 14.3.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – International Masis Tabak v EUIPO Philip Morris Brands (Léiriú ar phacáiste toitíní)**

**(Cás T-44/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta freasúra – Clárú idirnáisiúnta ag ainmniú an Aontais Eorpaigh – Marc fíortha ina léirítear paicéad toitíní – Marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe Marlboro SELECTED PREMIUM TOBACCOS – Foras coibhneasta le diúltú – Damáiste do cháil – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 71/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* International Masis Tabak LLC (Masis, an Airméin) (ionadaithe: C. Bercial Arias agus K. Dimidjian Lecompte, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Schäfer agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Philip Morris Brands Sàrl (Neuchâtel, an Eilvéis) (ionadaí: L. Alonso Domingo, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 15 Samhain 2021 (Cás R 261/2021-5) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do International Masis Tabak LLC na costais a íoc.

([1]) IO C 119, 14.3.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Simba Toys v EUIPO – Master Gift Import (BIMBA TOYS)**

**(Cás T-129/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpach – Nós imeachta freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh BIMBA TOYS – Focalmharc idirnáisiúnta agus marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe Simba – Trádainm níos luaithe Simba Toys GmbH & Co. KG – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Comparáid idir táirgí – Airteagal 8(4) de Rialachán 2017/1001 – Cóngaracht d'earnálacha eacnamaíocha)***

(2023/C 71/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Simba Toys GmbH & Co. KG (Fürth, an Ghearmáin) (ionadaí: O. Ruhl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: T. Frydendahl, Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Master Gift Import, SLU (Ronda, an Spáinn)

**Ábhar:**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Nollaig 2021 (Cás R 629/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Simba Toys GmbH & Co. KG na costais a íoc.

---

([1]) IO C 171, 25.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Nollaig 2022 – HB v BEI**

**(Cás T-234/20)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Theip ar an Iarratasóir freagra a thabhairt a thuilleadh ar iarratais na Cúirte Ghinearálta – Níl gá le breith a thabhairt)***

(2023/C 71/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* HB (ionadaithe: A. Guillerme, T. Bontinck agus L. Burguin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: G. Faedo agus K. Carr, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína caingean bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní, ar an gcéad dul síos, an measúnú feidhmíochta a bhaineann leis an mbliain 2017 ina leith agus, ar an taobh eile, an cinneadh ón gcoiste achomhairc an 21 Deireadh Fómhair 2019 lena ndiúltaítear dá hachomharc i gcoinne an mheasúnaithe feidhmíochta a bhaineann leis an mbliain 2017 ina leith .

**An chuid oibríochtúil**

1) Níl gá le breith a thabhairt ar an gcaingean a tuilleadh.

2) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 215, 29.6.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2022 – MiMedx Group v EUIPO – DIZG (Epiflex)**

**(Cás T-706/20)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Aistarraingt na hiarrata cúlghairme – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2023/C 71/36)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MiMedx Group, Inc. (Marietta, Georgia, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: J. Bogatz agus Y. Stone, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Bosse agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* DIZG Deutsches Institut für Zell- und Gewebeersatz gGmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Plesser agus R. Heine, Dlíodóirí)

## Ábhar

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 25 Meán Fómhair 2020 a neamhniú (Cás R 133/2020-2).

## An chuid oibríochtúil

1) Ní gá rialú a dhéanamh ar an achomharc a thuilleadh.

2) Ordaítear do MiMedx Group, Inc. agus DIZG Deutsches Institut für Zell- und Gewebeersatz gGmbH a gcostais féin a íoc agus, do gach ceann acu faoi seach, leath de na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a íoc.

(1) IO C 35, 1.2.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Swissgrid v an Coimisiún**

**(Cás T-127/21)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Fuinneamh – Ardáin Eorpacha chun malartú táirgí caighdeánacha don chothromú fuinnimh – Rannpháirtíocht na hEilvéise – Airteagal 1(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2017/2195 – Litir ón gCoimisiún lena ndiúltaítear rannpháirtíocht oibreoir córais tarchurtha na hEilvéise – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/37)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Swissgrid AG (Aarau, an Eilvéis) (ionadaithe: P. De Baere, P. L'Ecluse, K. T'Syen agus V. Lefever, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: O. Beynet agus B. De Meester, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína ghníomhaíocht bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an cinneadh a líomhnaítear a bheith i litir arna síniú ag Stiúrthóir ar Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin a neamhniú, lenar dhiúltaigh an Coimisiún de bhun Airteagal 1(7) de Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO 2017 L 312, lch. 6), rannpháirtíocht na hEilvéise sna hardáin Eorpacha chun malartú táirgí caighdeánacha don chothromú fuinnimh, go háirithe an t-ardán Trans European Replacement Reserves Exchange (Ardán Eorpach chun malartú trasteorann do chúltacaí athchuir).

## An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe mar chaingean do-ghlactha.

2) Íocfaidh Swissgrid AG as a chostais féin.

(1) IO C 189, 17.5.2021.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2022 – British Airways v an Coimisiún**

**(Cás T-480/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh – Iomaíocht – Cairtéil – An margadh aerlasta – Cinneadh lena gcinntear go raibh sárú ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE agus Airteagal 8 den Chomhaontú idir an Comhphobal agus an Eilvéis maidir le hAeriompar – Neamhniú ag an gCúirt Ghinearálta – Diúltú ag an gCoimisiún d'ús ar riaráistí a íoc – Imeachtaí athbhreithniúcháin – Tréimhse theorann – Tréimhse achomhairc – Moille – Gníomh lena ndeimhnítear beart a bhí ann roimhe sin – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: British Airways plc (Harmondsworth, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: A. Lyle-Smythe agus R. O'Donoghue, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: N. Khan, P. Rossi agus L. Wildpanner, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean, a deir sé atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, ar an gcéad mhír d'Airteagal 266 CFAE, ar Airteagal 268 CFAE agus ar an dara mír d'Airteagal 340 CFAE, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, a ordú don Choimisiún Eorpach méid an úis mhainneachtnaigh agus an úis iolraithe a líomhnaítear a bheith dlite a íoc leis agus, ar an dara dul síos, litir an 30 Aibreán 2021 agus litir an 2 Iúil 2021, lenar dhiúltaigh an Coimisiún an t-ús sin a íoc leis, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do British Airways plc na costais a íoc.

[1] IO C 391, 27.9.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Nollaig 2022 – Steinbach International v an Coimisiún**

**(Cás T-566/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Aontas custaim – Comhtharaif chustaim – Ainmníocht taraife agus staidrimh – Aicmiú san Ainmníocht Chomhcheangailte – Ceannteideal taraife – Gníomh rialála lena bhforáiltear do bhearta cur chun feidhme – Easpa cúraim leithligh – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/39)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Steinbach International GmbH (Schwertberg, an Ostair) (ionadaí: J. Gesinn, Dlíodóir)

*Cosantóir*: an Choimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Salyková agus L. Mantl, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/957 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO 2021, L 211, lch. 48) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

(2) Ordaítear do Steinbach International GmbH na costais a íoc.

(1) IO C 490, 6.12.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Nollaig 2022 – AL v an Coimisiún**

**(Cás T-692/21)** [1]

***(Seirbhís Shibhialta – Imscrúdú OLAF – Gníomhartha OLAF – Aitheantas an chosantóra – Níl aon ghníomh a dhéanfadh dochar ann – Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Páirtithe:* AL (ionadaí: R. Rata, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Bohr, J. Baquero Cruz agus A.-C. Simon, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarann an t-iarratasóir, go ndéanfar gníomhartha éagsúla de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a neamhniú ar dtús, ar gníomhartha iad a glacadh i gcomhthéacs imscrúdú a bhaineann leis agus lenar dhiúltaigh OLAF, *inter alia*, do dhá ghearán a chuir sé isteach i gcoinne na tuarascála deiridh agus na moltaí a rinneadh san imscrúdú sin agus, ar an dara dul síos, nóta ón gCoimisiún Eorpach an 3 Márta 2021 inar chuir an Coimisiún in iúl dó go raibh sé ar intinn aige liúntais áirithe a íocadh leis a aisghabháil, ar an tríú dul síos, cinneadh an 22 Márta 2021 ón gCoimisiún lenar chinn sé na liúntais sin a aisghabháil, ar an gceathrú dul síos, nóta inmheánach ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 22 Eanáir 2021 lena moltar imeachtaí araíonachta a thionscnamh ina choinne agus, den pháirt eile, cúiteamh as an damáiste do mhaoin agus neamhábhartha a líomhnaítear a bhain dó mar thoradh ar shuimeanna éagsúla a aisghabháil óna thuarastal in 2021 agus mar thoradh ar iompar imscrúdú OLAF ina choinne a líomhnaítear go neamhdhleathach agus na hiarmhairtí a bhain leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ní gá rialú a dhéanamh ar an iarratas ar idiragairt ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

3) Ordaítear do AL a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

4) Ordaítear don Chomhairle a costais féin maidir leis an iarratas ar idiragairt a íoc.

(1) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Nollaig 2022 – Euranimi v an Coimisiún**

**(Cás T-769/21)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Dumpáil – Allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Easpa cúraim leithligh – Gníomh rialála lena bhforáiltear do bhearta cur chun feidhme – Do-ghlacthacht)***

(2023/C 71/41)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: European Association of Non-Integrated Metal Importers & distributors (Euranimi) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: M. Campa, D. Rovetta, P. Gjørtler agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean a bhunaítear ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/1483 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021, L 327, lch. 1) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.

(2) Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar an iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag an gComhlachas Eorpach Cruach (Eurofer).

(3) Ordaítear do European Association of Non-Integrated Metal Importers & distributors (Euranimi) na costais a íoc.

(4) Ordaítear do Euranimi, don Choimisiún Eorpach agus d'Eurofer faoi seach a gcostais féin a íoc a bhaineann leis an iarratas ar idiragairt arna chur isteach ag Eurofer.

([1]) IO C 51, 31.1.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 6 Nollaig 2022 – Westpole Belgium v an Pharlaimint**

**(Cás T-640/22 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – Conarthaí seirbhíse poiblí – Seirbhísí teicneolaíochta seachtracha a sholáthar – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne)***

(2023/C 71/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Westpole Belgium (Vilvoorde, an Bheilg) (ionadaí: A. Vercruysse, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: K. Wójcik agus E. Taneva, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarann an t-iarratasóir, de pháirt, oibriú chinntí Pharlaimint na hEorpa an 3 Deireadh Fómhair 2022 chun baiscuimhir 7 den chonradh dar teideal "PE/ITEC ITS 19 – External Provision of IT Services" a bhronnadh ar thrí thairgeoir agus gan an méid sin a bhronnadh ar chuibhreannas InfraExpert, a bhfuil an t-iarratasóir ina chomhalta, agus, den pháirt eile, go n-ordófaí don Pharlaimint gan na cinntí conspóideacha a chur i bhfeidhm agus staonadh ó shíniú na gconarthaí creata atá ina n-ábhar don nós imeachta tairisceana a bhaineann le baiscuimhir 7 den chonradh sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Déantar ordú an 14 Deireadh Fómhair 2022, Westpole Belgium agus Unisys Belgium v an Pharlaimint (T 640/22 R) a chur ar ceal.

3) Forchoimeádtar na costais.

---

**Caingean arna tabhairt an 2 Nollaig 2022 — Electrawinds Shabla South EAD v an Chomhairle**

**(Cás T-759/22)**

(2023/C 71/43)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Electrawinds Shabla South EAD (Sóifia, an Bhulgáir) (ionadaí: M. Grozdev, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO 2022, L 261, lch. 1) a chur ar neamhní;

— an chuid ina mbunaítear caidhp shainordaitheach ar ioncam margaidh a fhaigheann táirgeoirí as leictreachas a tháirgeadh ó na foinsí a luaitear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin a chur ar neamhní, chomh maith leis an gcuid ina gceadaítear do Bhallstáit "barrachas ioncaim" na dtáirgeoirí sin a ghabháil (náisiúnú) chun tairbhe an Stáit (de réir an tsainmhínithe in Airteagal 2(9) den Rialachán);

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear easpa dlínse

Glacadh Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar bhealach atá ar neamhréir le dlí an Aontais ós rud é nach raibh dlínse ag an gComhairle. Bunaítear dlínse na Comhairle chun idirghabháil a dhéanamh i ngéarchéimeanna in earnáil an fhuinnimh le hAirteagal 122 CFAE, ach tá raon feidhme an-teoranta ag an bhforáil sin den Chonradh agus téann na bearta idirghabhála dá bhforáiltear sa Rialachán thar teorainn an raoin feidhme sin. I gcomhréir le hAirteagal 122(1) CFAE, féadfaidh an Chomhairle na bearta is iomchuí don staid eacnamaíoch a chinneadh, go háirithe má tharlaíonn géardheacrachtaí maidir le soláthar táirgí áirithe, go háirithe i réimse an fhuinnimh. Mar thoradh air sin, ní leagtar síos aon dlínse reachtach do Chomhairle an Aontais Eorpaigh le hAirteagal 122 CFAE chun bearta a ghlacadh d'fhonn dul i ngleic le géarchéim fuinnimh, ní leagtar síos leis ach dlínse chun idirghabháil a dhéanamh má tharlaíonn géardheacrachtaí maidir le soláthar táirgí áirithe, go háirithe soláthar fuinnimh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta

Sáraítear prionsabal na comhréireachta le Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Samhain 2022. I gcomhréir le hAirteagal 122 CFAE, ní cheadaítear ach na bearta is iomchuí, agus ní hionann beart iomchuí agus caidhp shainordaitheach ar ioncam margaidh a chur i bhfeidhm, ós rud é nach bhfuil nasc díreach ag an mbeart sin le socrú praghsanna i leith an fhuinnimh. Fanfaidh na praghsanna mar atá agus tiocfaidh forbairt orthu mar a tharlaíonn i gcónaí, gan beann ar srian ar an ioncam a bheith ann. Thairis sin, ní athróidh an t-éileamh ar fhuinneamh agus ar ghás nádúrtha le teacht i bhfeidhm caidhpe ar ioncam ná cánacha ar ioncam margaidh.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine

Sáraítear an ceart bunúsach chun maoine le heaspa chomhréireacht na mbeart arna dtabhairt i bhfeidhm leis an Rialachán, sa chaoi go bhforchuirtear an chaidhp shainordaitheach ar ioncam margaidh dá bhforáiltear sa Rialachán ar tháirgeoirí fuinneamh inathnuaite, chomh maith leis an gcumas a deonaíodh do na Ballstáit chun "barrachas ioncaim" na dtáirgeoirí sin a ghabháil (náisiúnú) chun tairbhe an Stáit. Léirítear le húsáid Airteagal 122(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceann de na gnéithe de leas poiblí an Comhphobail. Mar sin, trí úsáid a bhaint as an Airteagal sin, is féidir srianta a fhorchur le feidhmiú an chirt chun maoine, sa chaoi nach mbeadh an chaidhp ar ioncam margaidh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022, a fhorchuirtear ar tháirgeoirí fuinneamh inathnuaite, ná gabháil an "bharrachais ioncaim" chun tairbhe an Stáit, díréireach, agus nach ndéanfaí sárú leo ar ábhar ríthábhachtach an chirt sin.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Nollaig 2022 – Penguin Random House v EUIPO – Ediciones Literarias Independientes (PLAN B)**

**(Cás T-777/22)**

(2023/C 71/44)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Penguin Random House Grupo Editorial, SAU (Barcelona, an Spáinn) (ionadaí: E. Armijo Chávarri, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Ediciones Literarias Independientes, SL (Barcelona)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha PLAN B – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 887 136

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 28 Meán Fómhair 2022 i gCás R 2015/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— mar mhalairt rogha, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i ndáil leis na hearraí in aicmí 9 agus 16 nach gcumhdaítear leis an trádmharc Spáinneach PLAN B (measctha) Uimh. 3 641 418 agus a chumhdaítear leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh atá faoi chonspóid.

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 16 Nollaig 2022 – TT v Frontex**

**(Cás T-787/22)**

(2023/C 71/45)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TT (ionadaí: J. Navas Marqués, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh gan dáta, ar tugadh fógra ina leith an 17 Deireadh Fómhair 2022, le huimhir thagartha inmheánach GSC/HR/2022 ó Bhord Bainistíochta (Management Board) na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) a chur ar neamhní;

— an tuarascáil mheastóireachta (Appraisal Report) de 2021 a tháinig chun bheith críochnaitheach i leith an iarratasóra le fógra an 18 Márta 2022 maidir le cinneadh an mheastóra achomhairc (Appeal Assessor) a chur ar neamhní;

— an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a thoghairm d'fhonn cóip dá tuarascáil maidir le torthaí an fhiosrúcháin a rinneadh in 2021 i gcoinne chleachtais ciaptha san ionad oibre agus iompair lochtaigh i leith oibrithe Frontex arna ndéanamh ag a Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

— An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur eisigh comhlacht neamhinniúil an cinneadh atá faoi chonspóid agus sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta: Sárú Frontex ar Airteagal 90(2) den Rialachán ([1]) lena leagtar síos na Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (Rialacháin Foirne na nOifigeach), ar phrionsabal an dea-riaracháin, ar an gceart chun éisteacht a fháil agus ar an bprionsabal dlíthiúil den "fhreagracht chun gníomhú leis an gcúram cuí" agus easpa inniúlachta Bhord Bainistíochta Frontex chun an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh.

— An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil agus ar cheanglais riachtanacha nós imeachta mar gheall ar shárú ar Airteagal 6(3) agus (5) agus Airteagal 8 de Chinneadh ón mBord Bainistíochta Uimh. 46/2015 an 20 Samhain 2015 lena leagtar síos forálacha ginearálta chun Airteagail 43 agus 44(1) de Rialacháin Foirne na nOifigeach a chur i bhfeidhm: Easpa idirphlé leis an meastóir (Reporting Officer) roimh an tuarascáil mheastóireachta de 2021.

— An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua sa chinneadh atá faoi chonspóid ó Bhord Bainistíochta Frontex, sárú ar cheart na cosanta agus sárú ar Airteagal 2 de chinneadh ó Bhord Bainistíochta Frontex Uimh. 46/2015 an 20 Samhain 2015 leis an tuarascáil mheastóireachta de 2021.

— An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na neamhchlaontachta agus saobhadh ar an gcumhacht arna dhéanamh ag an meastóir [*faoi rún*] ([2]) agus ag an meastóir achomhairc [*faoi rún*] ([3]) a scríobh an tuarascáil mheastóireachta de 2021: Sárú ar Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 3(2) agus (3) de chinneadh ón Bhord Bainistíochta Frontex Uimh. 46/2015 an 20 Samhain 2015.

([1]) Rialachán 31 (CEE) 11 (CEEA) lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 1962 P 045, lch. 1385).

([2]) Sonraí rúnda fágtha ar lár.

([3]) Sonraí rúnda fágtha ar lár.

**Caingean arna tabhairt an 21 Nollaig 2022 — Broad Far (Hong Kong) agus M21 v an Coimisiún**

**(Cás T-791/22)**

(2023/C 71/46)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Broad Far (Hong Kong) Ltd (Wanchai, Hong Cong, an tSín), M21 Srl (San Donato Milanese, an Iodáil) (ionadaí: F. Specchiale, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Treoir Tharmligthe (AE) 2022/2100 ([1]) an 29 Meitheamh 2022 a neamhniú;

— Airteagal 27(2) de Threoir 2014/40/AE ([2]) an 3 Aibreán 2014 a neamhniú agus/nó a dhífheidhmiú a mhéid a rinneadh foráil ann maidir le síneadh intuigthe a chur leis an tarmligean a chuaigh in éag an 19 Bealtaine 2019;

— a ordú don pháirtí eile sna himeachtaí na costais nós imeachta sin a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, braitheann an t-achomharcóir ar dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 290 CFAE an 25 Márta 1957 mar gheall ar a chur i bhfeidhm go mícheart agus sárú ar Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40/AE mar gheall ar an mbonn gur ghníomhaigh an Coimisiún *ultra vires*.

   — I ndáil leis sin, áitítear go bhfuil cumhacht an Choimisiúin chun bearta tarmligthe a ghlacadh faoi réir teorainneacha dochta agus nach féidir leis an mbeart tarmligthe eilimintí riachtanacha na reachtaíochta a leasú. Sa chás seo, is é an cur chuige atá ag an gCoimisiún ná tobac téite a chur ar comhchéim le táirgí atá le caitheamh, agus ar an gcaoi sin leasú a dhéanamh ar reachtaíocht an Chomhphobail (féach Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE), ina meastar nach mbreathnaítear mar tháirgí le caitheamh ach ar tháirgí a bhfuil próiseas dócháin acu.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 290 CFAE an 25 Márta 1957, ar an mbonn gur cuireadh i bhfeidhm go mícheart é ar bhealaí éagsúla.

   — I ndáil leis sin, áitítear go bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 290(1) CFAE "..déanfar cuspóirí, inneachar, raon feidhme agus **ré tharmligean na cumhachta** a shainiú go sainráite sna gníomhartha reachtacha". Foráiltear le hAirteagal 27(2) de Threoir 2014/40 áfach "**go ndéanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid**…". A mhéid a fhoráiltear le hAirteagal 27(2) maidir le tarmligean na cumhachta a fhadú, contrártha d'Airteagal 290 CFAE ós rud é, go bunúsach, go mbaintear a gcumhachtaí de na hinstitiúidí a toghadh go daonlathach agus a cheaptar laistigh den Aontas Eorpach (an Pharlaimint agus an Chomhairle).

([1]) Treoir Tarmligthe (AE) 2022/2100 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe i leith táirgí tobac téite a tharraingt siar (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), C/2022/4367 (IO 2022 L 283, lch. 4).

([2]) Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO 2014 L 127, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 21 Nollaig 2022 – Dehesa de Los Llanos v an Coimisiún**

**(Cás T-794/22)**

(2023/C 71/47)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Dehesa de Los Llanos, SL (Albacete, an Spáinn) (ionadaí: J. Sedano Lorenzo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go gcuirfear ar neamhní mír 4.1.8 de phlean stráitéiseach CBT 2023-2027 ón Spáinn arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022, lena bhformheastar plean stráitéiseach CBT 2023-2027 na Spáinne maidir le tacaíocht ón Aontas arna mhaoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, lena bhforchuirtear teorainn de EUR 200 000 ar an tacaíocht bhunúsach ioncaim atá le bronnadh ar gach feirmeoir (an "Beart").

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/2115 ([1]) lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha náisiúnta faoi CBT agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 1305/2013 agus (AE) 1307/2013.

   — I ndáil leis sin, maítear go gceadaítear le Rialachán (AE) 2021/2115 do na Ballstáit a chinneadh cé na hidirghabhálacha astu siúd a leagtar síos i gCaibidlí II, III agus IV de Theideal II is oiriúnaí dá riachtanais shonracha agus conas iad a leagan síos. Áirítear, áfach, sa chinneadh atá faoi chonspóid, beart idirghabhála nach bhfuil leagtha síos san Airteagal sin, lena dtugtar le tuiscint go gníomhaíonn an Coimisiún *ultra vires* agus thar teorainn shainordú Rialachán (AE) 2021/2115.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear easnamh iomlán anailíse agus measúnaithe maidir le hiarmhairtí na huasteorann maolbhreithiúnaí de EUR 200 000 ar an tacaíocht bhunúsach ioncaim CBT.

   — I ndáil leis sin, maítear nach ndearnadh aon mheasúnú ar thionchar an Bhirt sin le linn dhréachtú an chinnidh atá faoi chonpóid, ar léibhéal Spáinneach ná ar leibhéal Eorpach. Dá mba rud é go ndearnadh réamh-athbhreithniú fiú, léireofaí go bhfuil an Beart ar neamhréir le cuspóirí CBT mar a leagtar amach in Airteagail 5 agus 6 de Rialachán (AE) 2021/2115 iad.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear saobhadh ar an margadh aonair agus ar an iomaíocht chun dochair do na feirmeoirí Spáinneacha.

   — I ndáil leis sin, maítear go ndéantar saobhadh tromchúiseach gan údar ar an margadh aonair chomh maith le hilroinnt CBT i gceann dá phríomhbheartanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. Leis an mBeart, cuirtear feirmeoirí Spáinneacha i staid níos measa ná feirmeoirí Eorpacha eile.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

   — I ndáil leis sin, maítear go ndéantar sárú ar phrionsabal na comhréireachta leis an mBeart sa chaoi nach bhfuil sé oiriúnach ná riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus go mbíonn cailliúint iomarcach agus gan údar i gceist leis d'úinéirí feirmeacha agus a n-oibrithe, nach bhfritháirítear in aon slí trí leas poiblí níos tábhachtaí a shásamh.

([1]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO 2021 L 435, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 22 Nollaig 2022 – Thunas agus páirtithe eile v BEI

## (Cás T-799/22)

(2023/C 71/48)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vincent Thunus (Contern, Lucsamburg) agus ochtar iarratasóir eile (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an gníomh reatha inghlactha agus a bhfuil bunús maith leis a dhearbhú, lena n-áirítear pléadáil na neamhdhleathachta atá i gceist leis;

de réir sin:

— an Cinneadh atá i nduillíní pá na n-iarratasóirí do mhí Feabhra 2022 (le haghaidh naonúr iarratasóirí) nó do mhí Aibreán 2022 (d'iarratasóir amháin) ag nochtadh den chéad uair cur i bhfeidhm chinneadh Bhord Stiúrthóirí an 15 Nollaig 2021 ag sainiú an mhéadaithe tuarastail do 2022 agus cinneadh Choiste Bainistíochta an 25 Eanáir 2022 an buiséad tuarastail seo a úsáid ón 1 Eanáir 2022, agus, dá bhrí sin, neamhniú cinntí comhchosúla atá i nduillíní pá ina dhiaidh sin a chur ar neamhní;

— dá bhrí sin a ordú don chosantóir

  — íocaíocht mar chúiteamh as damáiste ábhartha (i) den iarmhéid tuarastail a fhreagraíonn do chur i bhfeidhm an choigeartaithe bhliantúil do 2022 don fhoireann atá clúdaithe ag SR I, eadhon méadú 4,5 %, don tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022; (ii) an t-iarmhéid tuarastail a fhreagraíonn d'iarmhairtí chur i bhfeidhm an choigeartaithe bhliantúil 0,9 % d'fhoireann SR I do 2022 ar mhéid na dtuarastal a bheidh le híoc ó Eanáir 2022; (iii) ús mainneachtain ar iarmhéideanna tuarastail atá dlite go dtí go n-íocfar na suimeanna atá dlite go hiomlán, an ráta úis réamhshocraithe a bheidh le cur i bhfeidhm le ríomh ar bhonn an ráta arna shocrú ag an mBanc Ceannais Eorpach do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, is infheidhme le linn na tréimhse lena mbaineann, arna mhéadú trí phointe céatadáin;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí saincheist dlí amháin agus trí shaincheist dlí faoi seach, maidir le cinneadh Bhord Stiúrthóirí an 18 Iúil 2017, de pháirt, agus, den pháirt eile, maidir le cinntí Bhord Stiúrthóirí an 15 Nollaig 2021 agus an Coiste Bainistíochta an 25 Eanáir 2022.

Maidir le cinneadh Bhord Stiúrthóirí an 18 Iúil 2017:

Sárú ar Airteagal 20 agus Iarscríbhinn I de Rialacha Foirne I ("SR I") agus sárú ar ionchais dlisteanacha agus cearta faighte

Maidir le cinntí Bhord Stiúrthóirí an 15 Nollaig, 2021 agus Coiste Bainistíochta an 25 Eanáir, 2022

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 20 de agus Iarscríbhinn I go SR I

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sáruithe ar ráthaíochtaí nós imeachta Airteagal 41 de Chairt Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar cheart an Choláiste dul i gcomhairle agus idirbheartaíocht a dhéanamh.

Maidir leis an éileamh ar chúiteamh, éilíonn na hiarratasóirí íocaíocht na difríochta i luach saothair ón 1 Eanáir 2022 (lena n-áirítear tionchar an mhéadaithe seo ar shochair airgid) móide ús réamhshocraithe.

---

**Caingean arna tabhairt an 23 Nollaig 2022 – ACE v an Chomhairle**

**(Cás T-828/22)**

(2023/C 71/49)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ACE-Avocats, ensemble (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: J.-P. Hordies, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an chaingean chun an Rialachán conspóideach a neamhniú go páirteach, in Airteagal 1(12), lena leasaítear Airteagal 5n (1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhearbhú inghlactha agus dea-bhunaithe;

— Airteagal 1(12), lena leasaítear Airteagal 5n(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;

— a ordú don Chomhairle costais an iarratasóra agus a cuid costais féin a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, ar iliomad breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais agus ar Threoracha Eorpacha lena n-aithnítear an ceart atá ag dlíodóirí seirbhísí comhairle dlí a sholáthar gan srianta ar leith.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 6.1 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Eanáir 2023 – Romagnoli Fratelli v CPVO**

**(Cás T-2/23)**

(2023/C 71/50)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Romagnoli Fratelli SpA (Bologna, an Iodáil) (ionadaithe: E. Truffo agus A. Iurato, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*An Cineál Planda Comhphobail atá i gceist:* Variety Melrose – Ceart Chineál Planda Comhphobail Uimh. 31618

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: *Restitutio in Integrum* Cinneadh ón Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) an 7 Samhain 2022 i gcomhad Uimh. 2009/240

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do CVPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Force majeure agus cruatan de bharr phaindéim Covid-19;

— Earráid incheadaithe;

— Fianaise arna cailleadh nó léiriú míchruinn uirthi; agus

— Sárú ar Airteagal 65 de Rialachán (CE) 874/2009 ón gCoimisiún.

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Eanáir 2023 – Light Tec v EUIPO – DecoTrend (Scáthláin lampa)**

**(Cás T-10/23)**

(2023/C 71/51)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Light Tec Ltd (Tsuen Wan, Hong Cong, an tSín) (ionadaí: M.-H. Hoffmann)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* DecoTrend GmbH (Weiden, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail le haghaidh scáthlán lampa – Dearadh Comhphobail Uimh. 4031201-0004

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*An cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 16 Samhain 2022 i gCás R 2105/2021-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid agus dearadh Comhphobail Uimh. 4031201-0004 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a tabhaíodh sna himeachtaí os comhair EUIPO.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 63(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 63(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua;

— Sárú ar Airteagal 60(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar an gceart chun éisteachta.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA